- D'fhéachfaí phróifíl na dtáillí leis an tionchar ar an lucht úsáide a chaomhchóiriú sa chaoi agus go mbeadh an lucht úsáide tráth ar leith ag íoc isteach is amach leis an méid céanna maidir le costas T2, seachas a bheith ar an lucht úsáide i rith na mblianta tosaigh suim i bhfad níos mó a íoc; agus
- Ba cheart go mbeadh cosaint ann don lucht úsáide ionas nach orthusan a thitfeadh sé an costas a íoc sa chás go mbeadh T2 níos fairsinge ná mar a bhí gá leis dáiríre. Ní fhéadfadh DAA costas iomlán na hinfeistíochta a aisghabháil ach amháin sa chás go sáródh líon iomlán na bpaisinéirí ag úsáid an dá chríochfort 33 milliún paisinéir in aghaidh na bliana; murar amhlaidh an cás, ní fhéadfaidh DAA ach cuid den chostas a aisghabháil.

Sa bhliain 2009, cheadaigh an Coimisiún ardú suntasach sna táillí ón uair a bhí T2 réidh le hoscailt, agus sin mar gheall ar laghdú suntasach maidir le trácht paisinéirí tar éis na bliana 2008 níos mó ná ar ardú ar chostais caipitil, i bhfianaise gheallúintí i rith na bliana 2007.

Ar an rud deireanach, tá cumascadh chomhlachtaí poiblí, comhlachtaí rialála san áireamh, go mór i gceist i gcónaí i gcúrsaí polaitíochta agus sa saol go ginearálta. Ina ainneoin sin, ní móide gurb é an bealach is fearr le cur chuige sin tosú leis an réimse gníomhaireachtaí atá ar an bhfód faoi láthair agus pleananna maidir lena ndúnadh nó atheagar a chur orthu a thabhairt faoi mheas. D'fhéadfaí de mhalairt air sin, liosta a dhréachtadh de na feidhmeanna a tharlaíonn a bheith le tabhairt i gcrích ar fud na hearnála poiblí, an chuid sin a bhfuil fiúntas ag an bpobal astu an tráth seo a shonrú, agus socrú dá réir sin cé na gníomhaireachtaí agus na comhlachtaí a bhfuil gá leo chun na feidhmeanna a leanfar dóibh a thabhairt i gcrích. D'fhéadfadh ar chur chuige ar an gcaoi sin, gurbh éagsúil go mór an toradh ó thaobh institiúidí de, chomh maith le leas iomlán an phobail, leis an toradh a bheadh ó na gníomhaireachtaí atá ar bun faoi láthair a bheith mar bhonnchloch agus tabhairt faoi smaoineamh ar atheagar agus cumascadh orthu sin.

Ní mór an cheist maidir le leas an phobail as aon ghníomhaireacht poiblí a bheith ar bun a mheas taobh amuigh den oifig sin; ní féidir linne breithiúnas a thabhairt ar ár gcuid gnóthaí féin. Ina ainneoin sin, i gcás oifig a bhfuil foireann 22 duine ceadaithe di, sin íslithe le gairid go dtí ocht nduine dhéag agus folúntas faoi láthair maidir le trí cinn de na postanna sin, is dóigh liom gur maith an toradh oibre atá leagtha amach thuas, a bhuíochas sin ar ndóigh do mo chuid comhghleacaithe faoi láthair agus san am a caitheadh.



Cathal Guiomard
Coimisinéir

RIALÁIL PRAGHSANNA

Ról an Choimisiúin

- Déanann an Coimisiún uasteorainn praghsanna a shocrú lena gcuirtear teorainn le hiomlán an ioncaim in aghaidh an phaisinéara is féidir le hÚdarás Aerfort Bhaile Átha Cliath (DAA) a bhailiú trí mhuirir aerfoirt ag aerfort Bhaile Átha Cliath;
- déanann an Coimisiún uasteorainn praghsanna a shocrú lena gcuirtear teorainn le hiomlán an ioncaim is féidir le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann (IAA) a bhailiú trí mhuirir seirbhísí teirminéil ag aerfort Bhaile Átha Cliath, aerfort Chorcaí agus aerfort na Sionna;
- ní mór aontú an Choimisiúin leis an tobhach muirear aerfoirt a ghearrtar ar aerlínte d'fhonn ciste a chur ar fáil do sheirbhísí do phaisinéirí faoi mhíchumas luaineachta; agus
- ní mór aontú an Choimisiúin le haon athrú ar na táillí a ghearrann an t-údarás aerfoirt ag aerfort Bhaile Átha Cliath, aerfort Chorcaí agus aerfort na Sionna maidir le teacht ar na háiseanna a theastaíonn chun seirbhísí láimhseála ar dhroim talún a chur ar fáil.

Níl de chumhacht ag an gCoimisiún rialáil a dhéanamh maidir le muirir eile, ina measc iad seo a leanas:

- táillí carrchlóis ag aerfoirt, agus, níos ginearálta ná sin, muirir nach mbaineann le haerloingseoireacht (ach amháin na táillí a ghearrann an t-údarás aerfoirt ag aerfort Bhaile Átha Cliath, aerfort Chorcaí agus aerfort na Sionna maidir le teacht ar na háiseanna a theastaíonn chun seirbhísí láimhseála ar dhroim talún a chur ar fáil);
- na muirir aerthrachta faoi bhealach a shocraíonn Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA); agus
- táillí ag aerfort Chnoc Mhuire, aerfort Chiarraí, aerfort na Gaillimhe, aerfort Dhún na nGall agus aerfort Shligigh.

Muirir Aerfoirt

I rith an chéad leath den bhliain 2010, bhain an chuid is mó d'obair an Choimisiúin maidir le rialáil ar phraghsanna le hagóidí in aghaidh chinneadh na bliana 2009 ag an gCoimisiún maidir le táillí aerfoirt. Luadh sa tuarascáil bhliantúil don bhliain 2009, nuair a bhí an obair a bheadh le déanamh i rith na bliana 2010 á leagan amach, gurbh ináirithe go dtarlódh a leithéid.

I mí Feabhra 2010, d'iarr Ryanair cead na Cúirte Tráchtála le hathbheithniú breithiúnach mar gheall ar an gcinneadh. Éistíodh an t-iarratas ó Ryanair os comhair an Bhreithimh Peter Kelly i Roinn na Cúirte Tráchtála den Ard-Chúirt. Lóisteáil an Coimisiún roinnt mionscríbhinní ag cur in aghaidh an iarratais ó Ryanair ar an mbunús go mb'oiriúnaí painéal achomhairc rialála ag éisteacht an iarratais mar gheall

ar na forais a bhí luaite ag Ryanair le hathbhreithniú. Chuir DAA, páirtí fógra i ndáil leis an gcúis, in aghaidh an iarratais ar chead chomh maith. Ba é breith na Cúirte maidir le hiarratas Ryanair an cead a dhiúltú. Rinneadh a chuid costais a dhámhachtain ar an gCoimisiún.

Neamhspleách air sin, chuir an tAire Iompair painéal achomhairc rialála ar bun chun achomhairc ó Ryanair, ó Aer Lingus agus ó DAA maidir leis an gcinneadh a éisteacht. D'fhéad na páirtithe achomharc a dhéanamh maidir le gnéithe faoi leith den chinneadh. Chuir Ryanair naoi bhforas achomhairc chun cinn, chuir Aer Lingus cúig cinn agus chuir DAA ceithre cinn; i roinnt cásanna tháinig níos mó ná agóid amháin in aghaidh an chinnidh i gceist le haon fhoras achomhairc amháin faoi leith. Chuir an Coimisiún aighneacht maidir le fórais faoi bhráid an phainéil mar fhreagra ar gach ceann de na cásanna achomhairc ach ní dhearnadh aon tagairt do thuillteanais na gcásanna.

Bhí de chumhacht ag an bPainéal Achomhairc a chuid socruithe féin a dhéanamh maidir leis na cásanna achomhairc a mheas. Shocraigh an Painéal nach dtabharfaí cuireadh do pháirtithe eile tuairim a thabhairt faoi na cásanna achomhairc: chuir gach achomharcóir an chúis gur chóir ar na forais a bhí sonraithe acu ath-achomharc a thabhairt faoi mheas os comhair an Phainéil gan aon pháirtí eile i láthair. Ba é breith an Phainéil gur cuireadh bonn dóthanach faoi na forais maidir le seacht gcás agus cuireadh iad sin ar ais faoi bhráid an Choimisiúin d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ina leith; bhain dhá chás leis an achomharc ó Ryanair, cás amháin leis an achomharc ó Aer Lingus agus ceithre chás leis an achomharc ó DAA.

Thug an Coimisiún faoi athbhreithniú dhá mhí ar an gcinneadh tar éis na cásanna sin a chur faoina bhráid. Foilsíodh páipéar comhairliúcháin tosaigh ar an 8 Meitheamh 2010 lenar tugadh cuireadh do pháirtithe a gcuid tuairimí a chur in iúl cibé ar cheart don Choimisiún an cinneadh a leasú nó a dheimhniú. Tháinig cur faoi bhráid ó naoi gcinn de pháirtithe chuig an gCoimisiún mar gheall ar CP1/2010: Aer Lingus, Chambers Ireland Air Transport Users Council (ATUC), Cityjet, DAA, Cumann Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath, an Comhlachas Aeriompair Idirnáisiúnta (IATA), Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC), Cónaidhm Thionscal Turasoíreachta na hÉireann (ITIC), agus Ryanair. Thug an Coimisiún deis do na páirtithe freisin tuairim a thabhairt faoi na freagraí a fuarthas. DAA agus Ryanair amháin a chuir tuairim den sórt sin in iúl. Bhí cruinniú ag an gCoimisiún leis na trí pháirtí a rinne achomharc in aghaidh Chinneadh na bliana 2009 ón gCoimisiún d'fhonn an fhreagairt a bheadh uathu de thoradh air seo a phlé.

I gcás gach ceann de na seacht gcinn de cheisteanna a cuireadh ar ais faoi bhráid an Choimisiúin, bhí freagróirí ann a shíl gur chóir don Choimisiún an cinneadh a leasú agus freagróirí a shíl nár chóir. Tar éis na pointí a chuir an painéal achomhairc ar ais faoina bhráid agus na haighneachtaí a cuireadh faoi bhráid mar gheall ar an gcomhairliúchán a mheas, shocraigh an Coimisiún leasú a dhéanamh ar Chinneadh na bliana 2009. Leasaíodh an meastachán maidir le hioncam tráchtála agus le costas


caipitil a bhí in úsáid mar bhonn tuisceana d'fhonn an t-uasteorainn praghais a mheas, tar éis athmheas a dhéanamh i ndáil leis na nithe seo a leanas:

- An t-ioncam incriminteach miondíolacháin is inluaite i leith T1X;
- An dóigh a bpléifí le hioncam PRM;
- An dóigh ar pléadh le díbhóilsciú i leith na bliana 2009 agus réiteach á dhéanamh maidir leis an gcostas caipitil a cuireadh i ngníomh idir 2006-2009 agus liúntas chinneadh na bliana 2005;
- Costais TFL agus costais feistis maidir le Piara D a dhícheadú; agus
- Costais áirithe maidir le Piara D a dhícheadú.

Shocraigh an Coimisiún nach ndéanfaí aon leasú ar an gCinneadh i ndáil lenar cuireadh faoi bhráid maidir le praghsáil dhifreálach agus áitiú go raibh barrchostais níos airde ag baint le spás miondíolacháin sárphéistithe in T2.

Bhí de thoradh ar an socrú athrú a chur ar na meastacháin maidir le hioncam tráchtála agus costais chaipitil gur ardaíodh an táille uasta is féidir a ghearradh in aerfort Bhaile Átha Cliath i rith na tréimhse cúig bhliana ó 2010-2014 €0.10 ar an meán in aghaidh an phaisinéara (i bpraghsanna na bliana 2009). Tugtar sonraí breise faoin socrú sin in CP2/2010.

Fíor 1.1: Uasteorainn maidir le Táillí Aerfoirt roimh agus tar éis chur faoi bhráid an Phainéil Achomhairc



Nóta: An ríomh de réir Chríochfort 2 a oscailt ar an 18 Samhain agus ar an tuiscint go mbaineann DAA amach na spriocanna go léir maidir le caighdeán seirbhíse.

D'fhoilsigh an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta dhá pháipéar comhairliúcháin ar an 30 Samhain 2010 a bhféadfadh tionchar a theacht dá mbarr ar chúrsaí rialúcháin maidir le táillí aerfoirt. Iarradh tuairimí leis an gcéad cheann maidir leis an gceist ar cheart don Choimisiún leanacht ar aghaidh ag tabhairt ioncam agus costais san áireamh maidir le seirbhísí nach seirbhísí aerloingseoireachta iad ag aerfort Bhaile Átha Cliath nuair a shocraítear ar an leibhéal uasta maidir le táillí aerfoirt. Is fada suim á cur sa cheist seo - rogha idir rialúchán maidir le "córas aon scipéad amháin" nó "córas dhá scipéad" - nuair a dhéantar plé ar chúrsaí rialúcháin maidir le táillí aerfoirt. An tráth a ndearnadh cinneadh na bliana 2009, gheall an Coimisiún go gcuirfí tús le hathbheithniú faoin modh oibre seo i rith na bliana 2010 tar éis do DAA agus do Ryanair araon a thabhairt le fios go mbeadh suim acu athrú ó chur chuige an aon scipéad amháin mar a bhíonn in úsáid ag an gCoimisiún a thabhairt faoi mheas.

Leis an dara páipéar comhairliúcháin a foilsíodh i mí na Samhna, iarradh tuairimí faoin gceist ar cheart do DAA agus IAA cuntais rialúcháin a ullmhú agus an fhoirm ina n-ullmhófaí iad. Cuntais faoi leith na cuntais rialúcháin seo nach ionann leis na cuntais reachtúla a chuireann na comhlachtaí sin ar fáil, agus baineann siad leis na gnóthaí sin a thagann faoi réir ag rialúchán praghsanna. Iarrtar ar pháirtithe sa pháipéar comhairliúcháin ceisteanna a mheas maidir le cén chuspóir a bheadh go tairbheach le cuntais dá sórt (agus go deimhin an mbeadh gá leo ar aon chor), agus an bhfuil na formáidí reatha mar a aontaíodh sa bhliain 2001/2 oiriúnach i gcónaí agus beagnach 10 mbliana caite.

Tá go dtí an 23 Márta 2011 le freagra a thabhairt ar an dá pháipéar. Braithfidh an obair a bhíonn le déanamh ina dhiaidh sin, a bheag nó a mhór, ar na freagraí a thagann chuig an gCoimisiún. D'fhéadfadh go socródh an Coimisiún nach bhfuil aon ghá le hathrú ar an gcur chuige a leantar.

Táillí Seirbhísí Críochfoirt Eitlíochta

D'fhoilsigh an Coimisiún Páipéar Saincheisteanna ar an 29 Deireadh Fómhair maidir leis na táillí rialaithe aerthráchta críochfoirt a ghearrann IAA. Is é an Páipéar Saincheisteanna an chéad toradh ar an bpróiseas a bhaineann le cinneadh nua a thabhairt chun cinn maidir le táillí seirbhíse críochfoirt i ndáil le rialú aerthráchta in Aerfort Bhaile Átha Cliath, in Aerfort na Sionna agus in Aerfort Chorcaí ón mbliain 2012 amach. Is é an cuspóir a bhí leis an bPáipéar Saincheisteanna ná dul i gcomhairle leis na páirtithe ar fad faoin mbealach ar cheart don Choimisiún dul ar aghaidh chun an chéad uasteorainn praghsanna eile don IAA a chinneadh. Tá réimse leathan ceisteanna ann a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an gCinneadh críochnúil agus d'fhéach an Coimisiún le tuairim a fháil ó na páirtithe ar fad faoi na ceisteanna sin go luath sa phróiseas.

I measc na dtéamaí tábhachtacha a tarraingíodh anuas sa Pháipéar Saincheisteanna, bhí siad seo a leanas:

- An chaoi a bhféadfadh cora nua faoin bpacáiste Aerspás Eorpach Aonair II, na rialacháin le gairid maidir le scéimeanna táillí agus feidhmiúcháin san áireamh, tionchar a bheith acu ar an gcinneadh;
- Dáileadh idir IAA agus an lucht úsáide atá ag an Údarás ar an riosca nuair nach ionann an toradh agus na meastacháin maidir le trácht;
- An modh a ndéileáiltear le ró-aisghabháil agus tearc-aisghabháil in aghaidh na huasteorann ceadaithe;
- Éifeachtacht ó thaobh costas oibriúcháin; agus
- An modh inar cheart déileáil le tearc-chaiteachas maidir le caiteachas caipitil i rith ré an chinnidh reatha (2007-2011)

Thug IAA, an Comhlachas Aeriompair Idirnáisiúnta agus Aer Lingus freagra ar an bpáipéar seo. Tá na haighneachtaí a cuireadh faoi bhráid á dtabhairt faoi athbhreithniú ag an gCoimisiún faoi láthair.

Táthar ag féachaint chomh maith le tuiscint a fháil ón Roinn Iompair ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag cora rialúcháin ar leibhéal na hEorpa le gairid ar an rialúchán maidir le táillí seirbhíse críochfoirt eitlíochta in Éirinn. Chomh gairid ó shin le mí na Nollag 2010, rinneadh rialúchán nua san Eoraip - Rialachán (EC) Uimh 1191/2010 ón gCoimisiún - ar cosúil air go bhféadfadh tionchar díreach a bheith aige ar leibhéal na dtáillí seirbhíse críochfoirt eitlíochta a fhéadann IAA a ghearradh.

D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag na cora nua seo ar an gcéad chinneadh eile atá le déanamh, agus an tráthchlár beartaithe maidir leis an gcinneadh sin de réir mar atá leagtha amach sa bhosca thíos san áireamh. Coinneoidh an Coimisiún sonraí reatha an tráthchláir ar fáil ar an láithreán gréasáin. Tá beartaithe faoi láthair an cinneadh críochnúil, nach mór a dhéanamh faoi dheireadh na bliana 2011, a dhéanamh i mí Meán Fómhair.

Tábla 1.1: Tráthchlár maidir le cinneadh na bliana 2011 faoi tháillí seirbhíse críochfoirt eitlíochta

Dáta	Marcanna
Feabhra 2011	Cuirfidh IAA na sonraí is deireanaí, idir thorthaí agus mheastacháin, maidir le costais oibriúcháin agus costais infheistíochta agus éileamh ar fáil. Cuirfidh IAA cóip den chlár infheistíochta caipitil ar fáil maidir leis na cúig bhliana seo romhainn
Aibreán 2011	Dréacht den chinneadh a fhoilsíú
Meitheamh 2011	Freagraí ar an dréacht den chinneadh
Meán Fómhair 2011	An Cinneadh a Fhoilsíú

Mar a luaitear sa chuid den tuarascáil maidir le táillí aerfoirt, d'fhoilsigh an Coimisiún páipéar comhairliúcháin i mí na Samhna 2010 ag iarraidh tuairimí faoi fhormaid na gcuntas rialúcháin ba chóir do IAA agus do DAA a ullmhú, má ba chóir sin. Chuir an Coimisiún cuntas rialúcháin IAA ar láithreán gréasáin an Choimisiúin den chéad uair sa bhliain 2009.


Monatóireacht maidir le Cúrsaí Comhlíontais agus Caighdeán na Seirbhíse

Rinne an Coimisiún monatóireacht i rith na bliana 2010 ar an gcomhlíontas ag DAA agus IAA maidir leis na huasteorainneacha praghsanna.

I mí Meán Fómhair 2010, d'fhoilsigh an Coimisiún páipéar maidir le cúrsaí comhlíontais inar deimhníodh gur chloígh IAA leis na huasteorainneacha praghsanna maidir leis an mbliain 2009. Foilsíodh sa tuarascáil freisin an meastachán ba dheireanaí maidir leis an uasteorainn praghsanna a mheastar a bheadh i gceist don bhliain 2010 agus treoir maidir leis an uasteorainn a d'fhéadfadh a bheith i bhfeidhm sa bhliain 2011. Tagann an éiginnteacht maidir leis an uasteorainn praghsanna in aon bhliain faoi leith chun cinn mar go mbraitheann an fhoirmle reatha ina leagtar síos an t-ioncam is féidir le IAA a bhailiú ó sheirbhísí críochfoirt eitlíochta ar an líon iomlán a théann trí na haerfoirt sin i rith na bliana. Ní bhíonn a fhios ag an gCoimisiún go dearfa cén uasteorainn a chuirfear leis an ioncam is féidir le IAA a bhailiú i leith na bliana sin, go dtí go mbíonn an líon iomlán a dhéanann trácht trí na haerfoirt ar eolas, agus sin ag deireadh na bliana áirithe sin. Foilsíonn an Coimisiún meastachán reatha maidir leis an uasteorainn praghsanna ar an leathanach faoin uasteorainn maidir le seirbhísí críochfoirt eitlíochta ar an láithreán gréasáin agus leasaítear sin go tráthrialta de réir mar a bhíonn breis faisnéise ar fáil.

Bhí Cinneadh Táillí Aerfoirt na bliana 2009 ar an gcéad cheann inar nascaíodh ceangal go sainráite idir leibhéal na huasteorann praghsanna agus caighdeán na seirbhíse a chuirtear ar fáil ag aerfort Bhaile Átha Cliath. Sa chás go dteipeann ar DAA spriocanna áirithe maidir le caighdeán na seirbhíse a bhaint amach, d'fhéadfadh go mbeadh an uasteorainn praghsanna i leith na bliana suas le 4.5% (3.5% sa bhliain 2010) níos ísle. Tá dhá thomhas déag ar chaighdeán na seirbhíse i gceist faoin scéim mhonatóireachta lena mbaineann dreasacht airgeadais do DAA d'fhonn go dtabharfaí an sprioc i gcrích. Tá de fhreagracht ar DAA na sonraí faoi gach beart acu sin a thiomsú ach tá féachta ag an gCoimisiún cinntiú chun a shástachta féin gur féidir iontaoibh a bheith as na sonraí a thiomsaítear. Mar chuid de sin, tugadh cuairteanna ó am go chéile ar an aerfort chun an t-am a chaitear i scuainí maidir le cúrsaí slándála a thaifeadadh go neamhspleách.

Fíor 1.2: Uasmhéid na scuainí gach lá (de réir na nóiméad) ag aerfort Bhaile Átha Cliath i rith na bliana 2010



Foinse: DAA.

Tharla faoi dhó i rith na bliana 2010 gur theip ar DAA spriocanna maidir le caighdeán seirbhíse a bhaint amach: an chéad ráithe den bhliain níor baineadh amach an sprioc feidhmiúcháin maidir le torthaí suirbhéireachta faoin leibhéal sástachta leis na háiseanna cumarsáide / teilechumarsáide / ríomhaireachta; agus ar an 15 Bealtaine sáraíodh an uasteorainn tríocha nóiméad de sprioc feidhmiúcháin maidir le scuainí tríd an gcóras slándála. De thoradh air sin, íslíodh an uasteorainn praghsanna i leith na bliana 2010 faoi bheagán beag le cois 0.1%. Sásaíodh na spriocanna eile ar fad maidir le caighdeán na seirbhíse i rith na bliana 2010.

Chuir an Coimisiún dhá thuarascáil le chéile i rith na bliana 2010 maidir le caighdeán seirbhíse. Bhain an chéad thuarascáil leis an tréimhse ó mhí Eanáir go mí Bealtaine agus tugadh tuairisc sa dara ceann ar an obair ó mhí Iúil go mí Deireadh Fómhair. Tugadh torthaí maidir leis an tréimhse ó mhí Deireadh Fómhair go mí na Nollag 2010 i dtuarascáil i mí Feabhra 2011. Beidh tuairiscí den sórt sin á bhfoilsíú gach ráithe ag an gCoimisiún as seo amach, timpeall agus sé seachtaine tar éis dheireadh na ráithe lena mbaineann an tuairisc.

Uasteorainneacha Praghsanna Rialáilte agus táillí ceadaithe

Tábla 1.2: Achoimre maidir leis an rialáil ar uasteorainneacha praghsanna

Cineál na huasteorann praghsanna	Uasteorainn praghsanna 2011
Táillí aerfoirt in aerfort Bhaile Átha Cliath	Níor chóir go sárófaí €10.43 in aghaidh an phaisinéara in Aerfort Bhaile Átha Cliath ¹
Táillí seirbhíse chríochfoirt eitlíochta (ATSCs) sna haerfoirt i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh agus sa tSionainn	Níor chóir go sárófaí €3.86 in aghaidh an tonna maidir le huasmheáchan éirí den talamh an aerárthaigh ar imeacht dó ²

Níor tháinig aon iarratas chuig an gCoimisiún ó DAA i rith na bliana 2010 maidir le táillí a cheadú i ndáil le 'teacht ar áiseanna aerfoirt' (ar a dtugtar táillí ATI) ag na haerfoirt i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh ná sa tSionainn. Leagtar amach thíos leibhéil na dtáillí a cheadaíodh roimhe seo, arna leasú i ndáil le boilsciú nuair is cú sin.

¹ Ar an tuiscint go sásaítear na spriocanna ar fad maidir le caighdeán seirbhíse.

² Ar an tuiscint gur ionann an t-olléileamh, arna thomhas de réir thonnaí an uasmheáchain éirí den talamh, agus 7,367 milliún tonna sa bhliain 2011.

Tábla 1.3: Achoimire maidir leis na táillí ceadaithe

Cineál táille áise (ATI)	Táillí ATI ón 1 Eanáir 2011
Aerfort Bhaile Átha Cliath - Táille bhliantúil maidir le deasc seiceáil isteach Deasc seiceáil isteach ar cíós go solúbtha in aghaidh na huaire	Táille bhliantúil: €24,539 an deasc sa bhliain Cíós uair a chloig: €29 san uair (nó cuid d'uair)
Aerfort na Sionna - Táille bhliantúil maidir le deasc seiceáil isteach Deasc seiceáil isteach ar cíós go solúbtha in aghaidh na huaire	Táille bhliantúil: €9,238 an deasc sa bhliain Cíós uair a chloig: €23 san uair (nó cuid d'uair)
Aerfort Chorcaí - Táille bhliantúil maidir le deasc seiceáil isteach Deasc seiceáil isteach ar cíós go solúbtha in aghaidh na leathuair	Táille bhliantúil: €12,815 an deasc sa bhliain Cíós uair a chloig: €5.13 san uair (nó cuid d'uair)
Táillí CUTE in Aerfort na Sionna	€0.30 in aghaidh an phaisinéara ag dul ar bord
Táillí CUTE in Aerfort Chorcaí	€0.24 in aghaidh an phaisinéara ag dul ar bord

Clár Oibre na bliana 2010

Beidh an bhéim is mó maidir leis an gclár oibre i gcúrsaí rialála praghsanna i rith na bliana 2011 ar chinneadh a dhéanamh i ndáil le táillí seirbhíse críochphoirt eitlíochta ag aerfort Bhaile Átha Cliath, aerfort Chorcaí agus Aerfort na Sionna. Mar a luadh níos luaithe sa chuid seo den tuarascáil, chuir an Coimisiún tús leis an sruth oibre seo sa dara leath den bhliain 2010 nuair a foilsíodh Páipéar Saincheistanna agus nuair a iarradh tuairimí ina leith. Ní léir go fóill cén cur isteach a bheidh ag treoracha éagsúla de chuid an Aontais Eorpaigh a thabhairt i bhfeidhm ar an obair sin.

Tá dhá thogra eile a bhféadfadh díol suntasach oibre a theacht i gceist leo agus baineann siad sin le comhairliúchán ar chuir an Coimisiún tús leis i rith na bliana 2010 maidir le cuntais rialúcháin agus leis an rogha maidir le scipéad rialúcháin. Beidh an modh oibre a chuireann an Coimisiún roimhe ag brath ar na freagraí a fhaightear maidir leis an dá pháipéar sin, ach tá ináirithe go bhféadfadh beart suntasach oibre a bheith i gceist le ceachtar den dá thogra.

Leanfaidh an Coimisiún den mhonatóireacht ar chúrsaí comhlíontais maidir leis na huasteorainneacha praghsanna atá i bhfeidhm. Déanfar chomh maith tuairisc uair sa ráithe a thabhairt ar na torthaí maidir le méadracht chaighdeán seirbhísí áirithe a luaitear sa Chinneadh reatha trína rialaítear táillí aerfoirt in aerfort Bhaile Átha Cliath.

Cuspóir	Bearta d'fhonn sin a thabhairt i gcrích
<p>Cinneadh nua a dhéanamh lena leagtar síos uasteorainn maidir le táillí seirbhíse críochoirt eitlíochta ag aerfort Bhaile Átha Cliath, aerfort Chorcaí agus aerfort na Sionna</p>	<ul style="list-style-type: none"> ➤ Dréacht de chinneadh a fhoilsiú agus dul i mbun comhairliúcháin i mí Bealtaine ➤ Cinneadh críochnúil a dhéanamh san fhómhar
<p>Monatóireacht a dhéanamh ar an gcomhlíontas maidir leis na huasteorainneacha praghsanna reatha</p>	<ul style="list-style-type: none"> ➤ Tuarascáil bhliantúil maidir le comhlíontas DAA a fhoilsiú ➤ Tuarascáil bhliantúil maidir le comhlíontas IAA a fhoilsiú ➤ Tuairiscí a fhoilsiú in aghaidh na ráithe maidir leis na slata tomhais i ndáil le caighdeán na seirbhíse in aerfort Bhaile Átha Cliath
<p>Athbhreithniú a dhéanamh ar na coinníollacha maidir le tuairiscíocht rialúcháin agus iad a athrú más cuí sin</p>	<ul style="list-style-type: none"> ➤ Na freagraí ar an bpáipéar comhairliúcháin maidir le cuntais rialúcháin (CP5/2010) a mheas agus oibriú dá réir sin
<p>Scrúdú a dhéanamh an athuair ar an gcur chuige faoi láthair maidir le cinneadh a dhéanamh faoi tháillí i ndáil le haerfort Bhaile Átha Cliath agus na réimsí sin a shonrú, más ann dóibh, ina mbeadh gá le hathrú</p>	<ul style="list-style-type: none"> ➤ Na freagraí ar an bpáipéar comhairliúcháin maidir leis an scipéad rialúcháin (CP4/2010) a mheas agus oibriú dá réir sin

LEITHROINNT SLIOTÁN

Ról an Choimisiúin

Déanann an Coimisiún:

- Stádas sceidealaithe aerfoirt na hÉireann faoi na Rialacháin maidir le Leithroinnt Sliotán a dheimhniú, agus
- Nuair is gá sin, áisitheoir nó comhordaitheoir sceideal a cheapadh.

Beartaíocht Chomhordúcháin ag Aerfort Bhaile Átha Cliath

Tá aerfort Bhaile Átha Cliath ar an t-aon aerfort amháin in Éirinn ina ndéantar comhordú ar shliotáin. D'ainmnigh an Coimisiún ina aerfort faoi chomhordú sliotán é i mí Feabhra 2007.

Is é Airport Coordination Limited (ACL) comhordaitheoir an aerfoirt, arna cheapadh ag an gCoimisiún. Leagtar an ghnáthfhreagracht ó lá go lá i ndáil le comhordúchán sliotán in aerfort Bhaile Átha Cliath ar ACL. Bíonn caidreamh gach lá ag an gcomhlacht leis na haeriompróirí aeir chomh maith le freastal ar dhá chruinniú in aghaidh na bliana in aerfort Bhaile Átha Cliath. Bíonn an Coimisiún i láthair ag na cruinnithe sin freisin.

Tagann deireadh le conradh ACL i mí Márta 2011. Thug an Coimisiún dá bharr sin faoi bheartaíocht soláthair i rith na bliana 2010 d'fhonn comhordaitheoir aerfoirt a roghnú don tréimhse cúig bhliana seo romhainn. Mar chuid den phróiseas sin, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis na haerlínte, le DAA agus le IAA. Ba é ACL an t-aon pháirtí a chuir tairiscint faoi bhráid i ndeireadh na dála.

Is iad an dá shéasúr sceidealúcháin maidir le haerfort Bhaile Átha Cliath an Geimhreadh (ón 31 Deireadh Fómhair go dtí an 26 Márta) agus an Samhradh (ón 27 Márta go dtí an 30 Deireadh Fómhair). Déanfar socrú críochnúil maidir le sceideal an tsamhraidh don bhliain 2011 i rith mí Márta nó mí Aibreán 2011.

Tharla, i rith an dá shéasúr, gur tháinig laghdú arís ar líon na ngluaiseachtaí in aerfort Bhaile Átha Cliath sa bhliain 2010 i gcomórtas lena raibh ann sa bhliain 2009. Tá sin le sonrú ar an dá thábla thíos.

Tábla 2.1: Gluaiseacht aerthráchta ag aerfoirt in Éirinn: Geimhreadh 2010

Aerfort	Líon iomlán aerárthach faoi ghluaiseacht		
	Geimh. 2009	Geimh. 2010	% athraithe
Na hAerfoirt i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh agus sa tSionainn	78,704	71,148	-10%
Aerfort Bhaile Átha Cliath	61,996	57,757	-7%
Heathrow (Londain)	193,762	190,055	-2%
Gatwick (Londain)	96,939	90,331	-7%
Aerfort Stansted	59,607	50,660	-15%
Aerfort Mhanchain	58,333	57,934	-1%

Nóta: Lean séasúr an gheimhridh sa bhliain Dheireadh Fómhair 2010 go dtí Márta 2011. Baineann "líon iomlán aerárthach faoi ghluaiseacht" le tús an tséasúir sceidealúcháin.

Tábla 2.2: Gluaiseacht aerthráchta ag aerfoirt in Éirinn: Samhradh 2010


Aerfort	Líon iomlán aerárthach faoi ghluaiseacht		
	Samh. 2009	Samh. 2010	% athraithe
Na hAerfoirt i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh agus sa tSionainn	135,020	124,693	-8%
Aerfort Bhaile Átha Cliath	104,572	101,425	-3%
Heathrow (Londain)	278,274	289,304	4%
Gatwick (Londain)	163,643	165,210	1%
Aerfort Stansted	99,555	98,239	-1%
Aerfort Mhanchain	108,722	104,870	-4%

Nóta: Lean séasúr an tsamhraidh sa bhliain 2010 ó Mhárta 2010 go dtí Deireadh Fómhair 2010. Baineann "líon iomlán aerárthach faoi ghluaiseacht" le tús an tséasúir sceidealúcháin.

Ina ainneoin sin, tá líon na bpaisinéirí atá ag fágáil le linn na n-uaireanta is gnóthaí den lá ard go maith i gcónaí. Léirítear leis na cairteanna thíos gur ar éigean atá athrú ar bith tagtha ar an trácht paisinéirí le linn na huairé a chloig is gnóthaí den lá. Bítear ag brath, leis an modh oibre ó phointe go pointe atá ag an dá iompróir is mó maidir le haerfort Bhaile Átha Cliath (Aer Lingus agus Ryanair) ar leibhéal ard

úsáide as gach ártach aeir, agus, fágfar dá réir sin go bhfuil buaic-am luath ar maidin ann.


Fíor 2.1: Éileamh iomlán in aerfort Bhaile Átha Cliath i rith an lae (paisinéirí), Geimhreadh 2010 (G10) i gcomórtas le Geimhreadh 2009 (G09)



Bearta Forfheidhmiúcháin

Tarlaíonn i gcónaí gur mó cásanna ag aerfort Bhaile Átha Cliath go n-oibríonn aeriompróir gan sliotán ná mar a tharlaíonn ag aerfoirt éagsúla sa Ríocht Aontaithe a bhfuil réimeas den chineál céanna i bhfeidhm iontu. Léirítear sa chart thíos líon na n-oibriúcháin eitilte i rith shéasúr an tsamhraidh sa bhliain 2010 ar oibrigh an t-aeriompróir "gan sliotán" nó ar roghnaíodh gan oibriú i sliotán a dáileadh, i mBaile Átha Cliath, trí aerfort Londan agus i Manchain.

Fíor 2.2: Oibriúchán gan sliotán agus neamhoibriú sliotáin - Samhradh na bliana 2010



Mar a luadh i dTuarascálacha Bliantúla roimhe seo, níl cumhacht forfheidhmiúcháin ag an gCoimisiún. Ní féidir níos mó a dhéanamh ná stádas sceidealúcháin an aerfoirt a dheimhniú agus, sa chás gur gá sin, comhordaitheoir a cheapadh. Is féidir leis an gcomhordaitheoir sliotáin a "ghabháil ar ais" nó gan sliotáin seanathar a leithroinnt an athuair ar iompróirí a sháraíonn rialacha maidir leis an dáiliúchán. I gcodarsnacht leis sin, tá réimeas foirmeálta smachtbhannaí ar bun maidir le sliotáin sa Ríocht Aontaithe agus gearrtar piónóis ar na páirtithe a sháraíonn na rialacha maidir le dáiliúcháin.

Clár Oibre don Bliain 2011

Mura socraíonn an Roinn réimeas smachtbhannaí a thabhairt isteach, ní fheictear don Choimisiún faoi láthair go mbeidh gá i rith na bliana 2011 le hobair shuntasach sa bhreis ar an ról ginearálta atá ag an gCoimisiún maidir lena chinntiú go n-oibríonn an réimeas reatha de réir mar a beartaíodh.

Cuspóir	Bearta d'fhonn sin a thabhairt i gcrích
Cinntiú go leantar d'oibriú an réimis sceidealaithe reatha ag aerfort Bhaile Átha Cliath chomh maith agus atá	<ul style="list-style-type: none"> ➤ Freastal ar chruinnithe Choiste Comhordúcháin Aerfort Bhaile Átha Cliath faoi dhó sa bhliain ➤ Caidreamh le ACL d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar phátrúin atá faoin trácht ag aerfort Bhaile Átha Cliath

CEADÚNAIS AERIOMPRÓIRÍ

Ról an Choimisiúin

Is é an Coimisiún atá freagrach as an gCeadúnas Oibriúcháin a eisiúint lena dtugtar d'údarás do shealbhóir dul i mbun paisinéirí, post agus / nó lastas a iompar tríd an aer ar bhonn luach saothair agus / nó fruilithe.

Ní foláir, ionas go mbeifí incháilithe maidir le Ceadúnas Oibriúcháin a fháil, an príomhionad gnó a bheith in Éirinn ag an iarratasóir. Ní mór chomh maith roinnt coinníollacha maidir le húinéireacht agus cúrsaí gnó a shásamh, acmhainneacht airgeadais agus árachas san áireamh. Déanann an Coimisiún monatóireacht ar chomhlíonadh na gcoinníollacha sin ar bhonn leanúnach agus tugtar faoi athbhreithniú níos mine ghéire gach re bliain.

Tá dhá aicme i gceist maidir le sealbhóirí ceadúnais:

- Aicme A lena gceadaítear paisinéirí, lastas agus / nó post a iompar ar aerárthaigh ina bhfuil 20 suíochán nó líon is mó ná sin;
- Aicme B lena gceadaítear paisinéirí, lastas agus / nó post a iompar ar aerárthaigh ina bhfuil líon is lú ná 20 suíochán nó uasmheáchan éirí in aer is ísle ná 10 dtonna.

Níl freagracht ar an gCoimisiún maidir le rialúchán i gcúrsaí sábháilteachta. Is ar Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA) a leagtar an fheidhm sin. Ní mór don aeriompróir atá i mbun beartaíocht aeriompair ar bhonn tráchtála agus a bhfuil Ceadúnas Oibriúcháin de dhíth air Deimhniú Aeroibritheora (AOC), arb é IAA a eisiúint é, a fháil ar dtús.

Cúrsaí Ceadúnúcháin agus Comhlíontais

Faoi dheireadh na bliana 2010, bhí 18 aerlíne a raibh ceadúnas acu ón gCoimisiún, an líon céanna agus a bhí an bhliain roimhe sin 2009. Aon cheadúnas nua amháin a d'eisigh an Coimisiún i rith na bliana, cuireadh síneadh le tréimhse cheadúnais eile agus bhí oibritheoir amháin a scoir ó thrádáil. Bhí dhá oibritheoir a tháinig faoi réir ag athbhreithniú dhá bhliain - choinnigh an dá chomhlacht an Ceadúnas Oibriúcháin. Rinneadh monatóireacht ar gach sealbhóir ceadúnais i ndáil le coinníollacha maidir le hárachas, úinéireacht agus rialú, agus acmhainneacht ó thaobh airgeadais de faoin reachtaíocht a bhaineann le hábhar a chomhlíonadh.

D'eisigh an Coimisiún ceadúnas nua d'Aicme B le Bond Air Services (Ireland) Limited i rith na bliana 2010 agus ghéill Premier Aviation Limited dá dheoin féin an ceadúnas d'Aicme B a bhí ag an gcomhlacht sin agus luadh an fuarú ar an éileamh maidir le seirbhísí heileacaptair ar chairtfhostú in Éirinn mar chúis leis sin a dhéanamh.

Ceadúnas d'Aicme A a bhí ag ocht gcinn den ocht aerlíne déag in Éirinn a raibh ceadúnas acu ag deireadh na bliana 2010, rud a fhágann cead acu paisinéirí, lastas

agus / nó post a iompar ar árthaigh aeir ina bhfuil 20 suíochán nó líon is mó ná sin. Ceadúnas d'Aicme B a bhí ag an deich oibritheoir eile, rud a fhágann cead acusan paisinéirí, lastas agus / nó post a iompar ar árthaigh aeir ina bhfuil líon is lú ná 20 suíochán agus / nó uasmheáchan éirí den talamh is ísle dá deich dtonna. Tugtar liosta sa tábla thíos de na haerlínte ar fad in Éirinn a raibh ceadúnas acu ar an 31 Nollaig 2010, agus coinnítear an liosta sin bord ar bhord leis an aimsir ar láithreán gréasáin an Choimisiúin.³

Tábla 3.1: Sealbhóirí Ceadúnais Oibriúcháin

Sealbhóirí Cheadúnas d'Aicme A	Sealbhóirí Cheadúnas d'Aicme B
➤ Aer Lingus Limited	➤ Bond Air Services (Ireland) Limited
➤ Air Contractors (Ireland) Limited	➤ CHC (Ireland) Limited
➤ Airlin Airways Limited ag trádáil dó mar Private Sky	➤ Executive Helicopter Maintenance Limited
➤ CityJet Limited	➤ Gaelic Helicopters Limited
➤ Comhfhorbairt (Gaillimh) ag trádáil dó mar Aer Arann	➤ Galway Aviation Services Ltd ag trádáil dó mar Aer Arann Islands
➤ Ryanair Limited	➤ Irish Helicopters Limited
➤ Starair (Ireland) Limited	➤ Metro Helicopters Limited
➤ Westair Aviation Limited	➤ Premier Executive Jets Limited
	➤ Premier Helicopters Limited
	➤ Sky West Aviation Limited (<i>Ceadúnas ar fionraí</i>)

Scrúdaigh agus cheadaigh an Coimisiún iarratas ó Air Contractors (Ireland) Limited tús a chur le gnó iompair phaisinéirí faoin gceadúnas oibriúcháin atá ag an gcuideachta cheana féin. Go luath in 2011, rinne Údarás Eitlíochta na hÉireann Deimhniú Aeroibritheora Sky West Aviation Limited, a bhí ar fionraí, a chúlghairm. Ag teacht le forálacha ábhartha reachtaíocht AE, rinne an Coimisiún Ceadúnas Oibriúcháin na cuideachta a chúlghairm chomh maith.

Scrúdaitheoireacht maidir le Aer Árann

Ar an 26 Lúnasa 2010, cheap an Ard-Chúirt Scrúdaitheoir Eadramhach i ndáil le Comhfhorbairt (Gaillimh) ag trádáil dó mar Aer Árann. Bhí bac curtha ar fheidhmiú na cuideachta ó thaobh airgeadais de i rith na bliana 2008 agus na bliana 2009 ag an lagtrá eacnamaíochta agus an mí-ord i gcúrsaí airgeadais, praghsanna ard ar ola agus athruithe mífhabhracha maidir le hairgeadra eachtrach. Rinne an chuideachta beart ina leith seo le clár oibre chun costais a ísliú agus trí chomhaontú saincheadúnais le hAer Lingus. Ina ainneoin sin, tar éis dhúnadh an aerspáis mar gheall ar luathre bolcáin, féachadh le hathstruchtúru agus infheistíocht as an nua a

³ http://www.aviationreg.ie/Passenger_Guidance/Default.216.html

thabhairt i bhfeidhm tríd an bpróiseas scrúdaitheoireachta. Ceapadh Scrúdaitheoir go foirmeálta ar an 8 Meán Fómhair 2010. Cuireadh tús leis an obair ar Scéim Socraíochta le haontú le creidiúnaithe na cuideachta agus ar infheistíocht chothromais a ghnóthú trína gcinnteofaí go dtiocfadh an chuideachta slán. Ar an 5 Samhain 2010, dheimhnigh an Ard-Chúirt moltaí an Scrúdaitheora maidir le Scéim Socraíochta agus scaoileadh an chuideachta saor ón Scrúdaitheoireacht.

Bhí an Coimisiún ina Pháirtí Fógra i ndáil leis na himeachtaí seo. Leagtar amach i Rialachán (CE) 1008/2008 a bhfuil de chumhacht ag an údarás ceadúnaithe maidir le leanúnachas ceadúnais i gcomhthéacs deacrachtaí airgeadais. Ina leithéid de chás, ní mór don Choimisiún scrúdú dá chuid féin a dhéanamh ar riocht airgeadais na cuideachta agus athbhreithniú a dhéanamh maidir le stádas an cheadúnais oibriúcháin ar an mbonn sin. Ba é seasamh an Choimisiúin nach raibh aon chur in aghaidh na Scrúdaitheoireachta aige agus go bhfanfaí leis an eolas cuí faoi chúrsaí airgeadais a theastaíonn chun ról an Choimisiúin a chur i gcrích. Rinneadh sin i rith na bliana 2010 agus ní raibh aon athrú ar stádas an Cheadúnais Oibriúcháin atá ag Aer Árann dá bharr.

Mar gheall ar an infheistíocht nua sa chuideachta, rinne an Coimisiún scrúdú ar struchtúr úinéireachta Aer Árann de réir na gcoinníollacha maidir le húinéireacht agus rialú a luaitear sa Rialachán. Ba tar éis phróiseas na Scrúdaitheoireachta a theacht chun críche a cuireadh tús leis an athbhreithniú sin. Seoladh eolas chuig an gcuideachta maidir le breis faisnéise atá de dhíth chun cuidiú leis an athbhreithniú seo a bhí fós ar siúl ag deireadh na bliana 2010.

Cora nua eile

Cuireadh moill ar chóras iarratais ar an idirlíon maidir le ceadúnais an Choimisiúin a sheoladh agus tá sin beartaithe anois don bhliain 2011. D'aontaigh an Coimisiún próiseas le IAA trína ndéanfar doiciméadú agus comhroinnt ar fhaisnéis. Foilsíodh cáipéis leasaithe maidir le nósanna imeachta i ndáil le ceadúnais oibriúcháin a thabhairt, a chur ar fionraí agus a aisghairm i rith na bliana 2010 agus rinneadh obair chomh maith ar chur leis an nóta treorach reatha maidir le ceistanna úinéireachta agus rialaithe⁴.

Ghlac an Coimisiún páirt freisin i mbeart staidéir de chuid na gcomhairleoirí Steer Davies Gleave, thar ceann an Choimisiúin Eorpaigh, lena raibh scrúdú á dhéanamh ar roghanna a chuirfeadh feabhas ar an gcosaint don phaisinéir sa chás go dtarlaíonn dóchmhainneacht aerlíne. Níor foilsíodh an saothar sin go fóill.

Dioscaí Ceadúnais

D'eisigh an Coimisiún dioscaí ceadúnais ag deireadh na bliana 2010 le gach oibrítheoir aerárthaigh bhig agus heileacaptair mar chuid den fheachtas chun cur le leibhéal tuisceana an phobail.

⁴ http://www.aviationreg.ie/fileupload/Image/AL_OandC_Note_Oct08.pdf

Sampla de Dhiosca Ceadúnais an Choimisiúin



Clár Oibre don bhliain 2011

Tá leagtha amach ag an gCoimisiún aeriompróirí a thabhairt isteach faoi scáth an chórais ceadúnúcháin atá aige ar an idirlíon i rith na bliana 2011.

Cuspóir	Bearta d'fhonn sin a thabhairt i gcrích
Deis a thabhairt isteach maidir le heisiúint cheadúnais ar an idirlíon	➤ An "tástáil maidir le glacadh an úsáideora leis" a thabhairt chun críche agus an córas nua a sheoladh i rith na bliana 2011
Cinntiú go sásaíonn sealbhóirí ceadúnais a n-éilítear faoin reachtaíocht	<ul style="list-style-type: none"> ➤ Coinníoll ar shealbhóirí áirithe cheadúnas d'Aicme A sonraí faoin acmhainneacht airgeadais reatha a chur ar fáil don Choimisiún go rialta ➤ Bearta seiceála maidir leis an gcomhlíontas i ndáil le coinníollacha úinéireachta agus rialaithe
Tuiscint níos fearr ar an réimeas ceadúnúcháin a chothú i measc sealbhóirí ceadúnais agus an pobal i gcoitinne	<ul style="list-style-type: none"> ➤ Nóta treorach níos cuimsithí a fhoilsiú maidir lena n-éilítear i gcás úinéireachta agus rialaithe ➤ Dioscaí ceadúnais a eisiúint maidir le gach oibritheoir heileacaptair agus aerárthaigh bhig

CEADÚ MAIDIR LE LÁIMHSEÁIL AR DHROIM TALÚN

Ról an Choimisiúin

Tugann an Coimisiún ceadú do chomhlachtaí a bhíonn i mbun gnóthaí láimhseála ar dhroim talún ag aerfort Bhaile Átha Cliath, aerfort Chorcaí agus aerfort na Sionna. Is é atá i gceist le láimhseáil ar dhroim talún go ginearálta na seirbhísí sin ar fad a bhíonn de dhíth maidir le heitleán ón uair a thuirlingíonn sí go n-éiríonn sí den talamh arís, e.g. eitleán a threorú, luchtú / folmhú, líonadh le breosla, láimhseáil bagáiste, láimhseáil paisinéirí agus obair chothabhála ar eitleáin. Is féidir le haerlíne socrú na seirbhísí a chur ar fáil ar a son féin (láimhseáil ar a son féin) nó comhlacht eile a fhostú ar conradh (láimhseáil tríú páirtí), bíodh sin ina aerlíne eile nó ina chomhlacht láimhseála ar dhroim talún.

Ní mór do chuideachta ceadú roimh ré a fháil ón gCoimisiún sula dtéitear i mbun obair láimhseála ar dhroim talún. Eisítear cead ar feadh tréimhse cúig bhliana. Ní mór do na sealbhóirí coinníollacha áirithe a shásamh, mar shampla, acmhainneacht airgeadais, an t-árachas cuí a bheith acu agus inniúlacht ó thaobh cúrsaí teicniúla. Ar cúig bhliana a bheith caite, is féidir ceadú maidir le láimhseáil ar dhroim talún a athnuachan tar éis próiseas athnuachana a thabhairt chun críche.

Níl aon fhreagracht ar an gCoimisiún maidir le plé le fiosruithe ó phaisinéirí i ndáil le bagáiste a chuaigh amú nó a ndearnadh damáiste dó ná, níos ginearálta ná sin, maidir le hidirghabháil a dhéanamh i gcás ina mbeadh tomhaltóir míshásta leis an lucht láimhseála ar dhroim talún.

Ceadú agus Cúrsaí Comhlíontais

Ag deireadh na bliana 2010, 13 aerlíne ceadaithe a bhí ann maidir le seirbhísí láimhseála ar dhroim talún a chur ar fáil (ar a son féin) chomh maith le 37 soláthraí ceadaithe eile (nó láimhseálaithe tríú páirtí) ag obair ag na haerfoirt i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh agus sa tSionainn. D'fhág sin a líon trí cinn níos ísle ná líon na n-oibrítheoirí ceadaithe ag deireadh na bliana 2009. Ina measc siúd a bhí ceadaithe maidir le seirbhís ar a son féin, bhí ceithre chomhlacht acu ceadaithe maidir le seirbhís a dhéanamh don tríú páirtí. Thug an Coimisiún ceadú le dhá chomhlacht nua ag láimhseáil ar a son féin i rith na bliana 2010 agus ceadú le dhá chomhlacht nua i mbun láimhseála don tríú páirtí. Bhí seacht gcinn de chomhlachtaí a ghéill an ceadú a bhí acu dá ndeoin féin: comhlacht amháin a dhéanadh láimhseáil ar a shon féin agus sé cinn a dhéanadh láimhseáil don tríú páirtí. Seasann ceadú ar feadh tréimhse cúig bhliana. Chuaigh an ceadú a bhí ag 16 comhlacht láimhseála ar dhroim talún i léig i rith na bliana 2010 agus d'éirigh leis na haerlínte / comhlachtaí láimhseála go léir a bhí i gceist iad a athnuachan.

Thug an Coimisiún ceadú nua láimhseála ar a shon féin le Etihad Airways PJSC agus le Bond Air Services (Ireland) Limited i rith na bliana 2010 chomh maith le ceadú nua maidir le láimhseáil don tríú páirtí le Aer Lingus Limited agus le DHL Supply Chain (Ireland) Limited. Ghéill Irish Helicopters Limited dá dheoin féin an ceadú maidir le láimhseáil ar a shon féin ó tharla nach raibh an chuideachta i mbun gnó níos mó ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Bhí cúig chomhlacht eile a ghéill ceadú láimhseála don tríú páirtí go toilteanach. Bhí cúiseanna éagsúla leis sin: bhí trí cinn de chuideachtaí nach raibh i mbun obair láimhseála níos mó mar ba ghá chun a ceadú a bheith acu ón gCoimisiún (Airport Ticketing and Travel Service Limited, Greencaps Limited agus Nayak Aircraft Service Netherlands BV), bhí cuideachta amháin nach ndearna athnuachan ar an gceadú (ATRS Limited), agus bhí sealbhóir ceadúnais tríú páirtí eile a chuir deireadh leis an obair sin i mBaile Átha Cliath (FBO Dublin Limited). Ghéill Bond Air Services (Ireland) an ceadú tríú páirtí a bhí aige go toilteanach ionas go bhféadfaí ceadú maidir le láimhseáil ar a shon féin a eisiúint tar éis don chuideachta Deimhniú Aeroibritheora a fháil.

Tugtar achoimre sa tábla thíos ar an obair i ndáil le Láimhseáil ar Dhroim Talún i rith na bliana 2010.

Tábla 4.1: Briseadh síos ar an obair i ndáil le Láimhseáil ar Dhroim Talún

	Láimhseáil ar a Son Féin	Láimhseáil Tríú Páirtí
Mar a bhí an 1 Eanáir 2010	12	41
Cead nua a eisíodh	2	2
Aisghairm	0	0
Cead a géilleadh de dheoin an tsealbhóra	1	5
Cead a chuaigh in éag agus nach ndearnadh a athnuachan	0	1
Mar a bhí an 31 Nollaig 2010	13	37

Chinntigh an Coimisiún gur chuir gach dream láimhseála ar dhroim talún eolas cuí maidir le cúrsaí airgeadais ar fáil i rith na bliana 2010. Chuir comhlachtaí láimhseála ar dhroim talún a chuireann seirbhísí ar fáil don tríú páirtí cuntais idirdhealaithe faoi bhráid. Chuir gach dream láimhseála ar dhroim talún sonraí reatha faoi chúrsaí árachais ar fáil chun a léiriú go raibh dóthain árachais acu. Leagtar amach sa tábla thíos liosta de na hoibritheoirí láimhseála ar dhroim talún mar a bhí ceadaithe ag an gCoimisiún ar an 31 Nollaig 2010.

Tábla 4.2: Lucht Láimhseála Ceadaithe ar Dhroim Talún mar a bhí an 31 Nollaig 2010

Lucht Láimhseála Tríú Páirtí	Lucht Láimhseála ar a son féin
ACA Air Cargo Associates Limited	Aer Lingus Limited*
Aer Lingus Limited	Air Contractors (Ireland) Limited*
Air Atlanta Aero Engineering Limited	Bond Air Services (Ireland) Limited
Air Contractors (Ireland) Limited	CHC Ireland Limited
AirOps	CityJet Limited
Alpha Flight (Ireland) Limited	Comhfhorbairt (Gaillimh) ag trádáil dó mar Aer Arann
Delta Airlines Dublin Limited	Delta Airlines Inc.
Derichebourg Multiservices Limited	Etihad Airways PJSC
DHL Express (Ireland) Limited	Jet2.com Limited
DHL Supply Chain (Ireland) Limited	Ryanair Limited
Dublin Aerospace Limited	Starair (Ireland) Limited
EFG Inflight Limited	Thomson Airways Limited*
Fingal Aviation Services Ltd.	Westair Aviation Limited*
Gate Gourmet Ireland Limited	
Hoyer Ireland Limited	
ICTS (UK) Limited	
Knights Cleaning Services Limited	
Monarch Aircraft Engineering Limited	
Oceanbridge Groundhandling Ltd (Universal Aviation)	
OCS One Complete Solution Limited	
Servisair (Ireland) Limited	
Shannon Aerospace Limited	
Shell Aviation Ireland Limited	
Signature Flight Support Dublin Limited	
Signature Flight Support Shannon Limited	
Sky Handling Partner (Cork) Limited	
Sky Handling Partner (Shannon) Limited	
Sky Handling Partner Limited	
South Aer Services Limited	
Specialist Airport Services (Ireland) Limited	
Tedcastles Aviation Fuels Limited	
Thomson Airways Limited	
TNT Express (Ireland) Limited	
United Parcel Service of Ireland Limited	

Lucht Láimhseála Tríú Páirtí	Lucht Láimhseála ar a son féin
US Alliance Flight Support Limited	
Westair Aviation Limited	
Worldwide Flight Services (Ireland) Limited	

()Aeriompróirí a bhfuil cead tugtha dóibh dul i mbun láimhseála ar a son féin agus seirbhísí láimhseála ar dhroim talún a chur ar fáil don tríú páirtí chomh maith.*

Thug an Coimisiún freagra ar iarratas ón gCoimisiún Eorpach eolas a chur ar fáil faoi oibriú an chórais náisiúnta ceadaithe mar atá i bhfeidhm faoi láthair.

Clár oibre na bliana 2011

Mura ndéantar leasú ar an reachtaíocht, ní fheictear don Choimisiún faoi láthair go mbeifear ag tabhairt faoi aon obair bhreise den suntas i rith na bliana 2011 seachas an ról ginearálta maidir le cinntiú go n-oibríonn an réimeas ceadaithe atá i bhfeidhm faoi láthair de réir mar atá beartaithe.

Cuspóir	Bearta d'fhonn sin a thabhairt i gcrích
Leanacht ag tabhairt ceadúnais do chomhlachtaí Láimhseála ar Dhroim Talún agus ag déanamh monatóireachta ina leith	<ul style="list-style-type: none"> ➤ Scrúdú a dhéanamh ar an eolas faoi chúrsaí airgeadais agus árachais a chuireann na sealbhóirí Ceadaithe ar fáil gach bliain d'fhonn an comhlíontas a chinntiú ➤ Athnuachan ar 11 cead maidir le láimhseáil ar dhroim talún de réir mar is cuí

CEADÚNAIS LUCHT TRÁCHTÁLA I NGNÓ AN TAISTIL

Ról an Choimisiúin

Tá dlite ar thionscnóirí turais agus ar ghníomhairí taistil ceadúnas a bheith acu agus iad a bheith faoi bhanna maidir le turais thar lear a thosaíonn taobh istigh den Stát a dhíol nó a thairiscint le ceannach.

Déanann an Coimisiún:

- ceadúnais a eisiúint le gníomhairí taistil agus le tionscnóirí turais atá ag díol turais thar lear;
- scéim bannaí a riar do ghníomhairí taistil agus do thionscnóirí turais;
- próiseáil ar éilimh ar aisíoc agus ar athdhúichiú sa chás go dtéann gníomhaire taistil nó tionscnóir turais as gnó;
- fiosrúchán i gcásanna ina líomhnaítear gur tharla trádáil mídhleathach agus, nuair is gá sin, trádálaithe mídhleathacha a ionchúiseamh.

Ní thagann na nithe seo a leanas faoi scáth ról an Choimisiúin:

- ceadúnais i ndáil le socruithe taistil maidir le taisteal intíre in Éirinn;
- déileáil le gearáin ó thomhaltóirí maidir le gníomhairí taistil, tionscnóirí turais, óstáin, bagáiste nó aerlínte;
- déileáil le gearáin maidir le fógraíocht (ach amháin sa chás go mbainfeadh sé le trádáil mhídhleathach a d'fhéadfadh a bheith ar bun).

Obair Ceadúnúcháin agus Cúrsaí Comhlíontais


Thug an Coimisiún ceadúnais i rith na bliana 2010 do 280 comhlacht i gcomparáid le 304 sa bhliain 2009 agus 356 sa bhliain 2008, rud a fhágann ísliú de 76 nó 21% in imeacht dhá bhliain. Ainneoin an phátrúin ísliithe sin, tá ceadúnais á dtabhairt i gcónaí do chomhlachtaí nua, seacht gcinn déag acu i rith na bliana 2010. Tugtar sonraí in Tábla 5.1 faoin líon a thosaigh amach sa tionscail agus an líon a d'fhág an tionscail i rith na bliana 2010.

Mar chuid den obair maidir le ceadúnais, thug baill d'fhoireann an Choimisiúin cuairt ar 17 comhlacht i rith na bliana 2010. Rinneadh scrúdú cigireachta ar thaifid na gcomhlachtaí agus rinneadh na córais teicneolaíochta agus na córais gnó atá in úsáid acu a mheas.

Tábla 5.1: Briseadh síos ar an obair maidir le ceadúnais don lucht tráchtála i ngnó an taistil i rith na bliana 2010

	Gníomhairí Taistil	Tionscnóirí Turais	Iomlán
Sealbhóirí Ceadúnais mar a bhí an 1 Ean 2010	246	58	304
Ceadúnais nua	9	8	17
Ceadúnais gan athnuachan	-30	-8	-38
Cuideachtaí i ngnó an taistil ar theip orthu	-3	0	-3
Sealbhóirí Ceadúnais mar a bhí an 31 Noll 2010	222	58	280

Fíor 5.1: Líon na sealbhóirí ceadúnais i ngnó an taistil 2001 - 2010



Cora nua i gcúrsaí dlí maidir le réimse na gCeadúnas do Lucht Ghnó an Taistil

Fáilte Travel Limited

Rinne an Coimisiún achainí os comhair na hArd-Chúirte luath sa bhliain 2009 ar Leachtaitheoir a cheapadh chun Fáilte Travel Limited, tionscnóir turais a raibh teipthe air, a fhoirceannadh, ar an mbunús go raibh sé níos mó ná €1.4m i bhfiacha leis an gCiste Cosanta Taistealaithe (TPF). Cheap an Ard-Chúirt an tUasal Declan Taite as FGS ina Leachtaitheoir. Leanadh den Leachtú i rith na bliana 2010 agus fuair an

Coimisiún €17,016 de na costais a bhí air mar gheall ar an leachtú. Tá tuarascáil deiridh an Leachtaitheora le theacht go fóill.

Manorcastle Limited ag trádáil dó mar United Travel

Tá dhá Ordú de chuid na hArd-Chúirte bronnta ar an gCoimisiún i ndáil le costais in aghaidh Manorcastle Limited (ag trádáil dó mar United Travel) maidir le cásanna achomhairc a thug an chuideachta in aghaidh dhiúltú an Choimisiúin sa bhliain 2008 agus sa bhliain 2008 ceadúnas a thabhairt don chuideachta. Ainneoin a éileamh arís agus arís eile, níor íoc Manorcastle Limited na costais a bhaineann le hábhar (suim isteach agus amach le €140,000), ná níor thángthas i mbun aon phlé chiallmhar maidir leis na costais a íoc. Leanadh den obair i rith na bliana 2010 maidir leis an gcostas a aisghabháil agus tá an Coimisiún ag scrúdú gach rogha eile atá ann faoin dlí.

Budget Travel Limited

Tar éis shocrú Budget Travel Limited i ndeireadh na bliana 2009 dul faoi leachtú toilteanach, d'éirigh an Leachtaitheoir as dhá thacar cúiseanna dlí a bhí tionscanta ag an gcuideachta in aghaidh dhiúltú an Choimisiúin ceadúnas a thabhairt don chuideachta. I mí Márta 2010 bronnadh na costais maidir leis an dá thacar imeachtaí ar an gCoimisiún. Tá na costais aontaithe faoi seo leis an Leachtaitheoir agus tá an Coimisiún i measc na gcreidiúnaithe gan urrús sa phróiseas leachtaithe.

Athbhreithniú ar Ghnó an Taistil agus Treoracha de chuid an AE

I mí na Nollag 2010, d'eisigh an Coimisiún dhá ionstraim reachtúil nua (I.R. 659 agus I.R. 660). Ón mbliain 2011 ar aghaidh, ní bheidh ar an gcuid is mó de na comhlachtaí atá cáilithe faoi dhlí na gcuideachtaí maidir le díolúine ó iniúchóireacht cuntais iniúchta a chur ar fáil chun bheith cáilithe maidir le ceadúnas i ngnó an taistil. Bhí athrú dá réir seo molta ag an gCoimisiún mar chuid den athbhreithniú ar réimeas na gceadúnas maidir le gnó an taistil a cuireadh faoi bhráid an Aire Iompair sa bhliain 2008. D'fhoilsigh an Coimisiún Fógra i mí na Nollag 2010 ina leagtar amach gnás oibre trínar féidir le cuideachtaí cur isteach ar dhíolúine maidir le hiniúchadh.

Rinneadh an Treoir faoi Sheirbhísí a shuí mar chuid de dhlí na hÉireann i mí na Samhna 2010. Tá an Coimisiún i mbun caidrimh leis an Roinn Iompair agus leis an Roinn Fiontair, Trádála agus Nuála d'fhonn anailís a dhéanamh ar thionchar na treorach ar an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le gnó an taistil.

D'eagraigh an Coimisiún Eorpach roinnt cruinnithe agus ceardlann i rith na bliana 2010 maidir le leasú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an Treoir maidir le Pacáistí Saoire.

Scor ó Thrádáil

Ó lár na bliana 2008 i leith, tá líon mór éileamh a rinneadh leis an gCoimisiún a d'eascair ó ghnólachtaí taistil dul as gnó. Tugtar achoimre ar fhaisnéis i ndáil leis na blianta beaga anuas in Tábla 5.2; tá iniúchóireacht déanta ar na figiúirí a luaitear leis na blianta 2008 agus 2009 agus is dréacht d'fhigiúirí iad sin maidir leis an mbliain 2010.

Tábla 5.2: Achoimre ar an obair maidir le héilimh 2008-2010

Bliain	2008	2009	2010
Líon na nÉileamh a Fuarthas	2,087	4,979	191
Líon na nÉileamh ar Íocaíodh ina leith	1,639	4,438	174
Luach na nÍocaíochtaí ina leith na nÉileamh	€3,582,282	€6,019,605	€215,215
Costais Riaracháin	€295,656	€602,456	€21,263
Bannaí a tarraingíodh anuas	€2,417,180	€6,152,597	€59,080
Éileamh in aghaidh TPF	€1,585,577	€1,316,840	€110,816
Riarachán (% den íocaíocht i leith na n-éileamh)	8.3%	10%	9.9%

Athdhúichiú paisinéirí (ar íoc an Coimisiún air go díreach) agus éilimh ar íoc an tríú páirtí (e.g. comhlachtaí cártaí creidmheasa) an míniú atá ar an difríocht idir líon iomlán na n-éileamh a fuarthas (7,257) agus líon na n-éileamh a ndearnadh íocaíocht ina leith (6,251).

Bhí trí ghnólacht a scoir ó thrádáil i rith na bliana 2010 i gcásanna a d'fhág gur ghá banna na cuideachta a tharraingt anuas chun aisíocaíocht a thabhairt do chustaiméirí. Ba mhór an laghdú seo i gcomparáid leis an 19 eintiteas a chuaigh as gnó go neamhthoilteanach i rith na bliana 2009. Fágann toradh na bliana 2010 gur ionann móriomlán na ngnólachtaí ar theip orthu ó bunaíodh an Coimisiún sa bhliain 2001 i leith agus 47. Leagtar amach líon agus luach na n-éileamh a d'eascair ó scor trí ghnólacht i rith na bliana 2010 in Tábla 5.3.

Tábla 5.3: Scor ó Thrádáil 2010 - Achoimre maidir le hobair ar éilimh

Ainm an Chomhlachta	Líon na nÉileamh	Luach na nÉileamh in € (*)
Paula Coughlan T/A Foreign A Fares	153	152,249
Castle Travel Ltd	28	20,072
Solar Travel Ltd	10	42,894
Iomlán	191	215,215

Nóta: () Is é an cás mar a bhí ar an 31 Nollaig 2010 atá á léiriú le luach na n-éileamh; tá roinnt den phróiseáil ar éilimh le déanamh go fóill agus tharlódh dá bhri sin go mbeidh athrú ar an bhfigiúr deiridh.*

Cuireadh faisnéis i láthair i dtuarascálacha bliantúla roimhe seo maidir le héilimh a d'eascair ó scor ghnólachtaí i rith na bliana 2008 agus na bliana 2009, agus rinneadh sin leis an dréacht de na sonraí airgeadais mar a bhí ar fáil an tráth sin. Ó tharla go bhfuil figiúirí críochnúla iniúchta ar fáil anois, luaitear i dTábla 5.4 iomlán na n-éileamh maidir leis an tréimhse 2008-2010 a d'eascair ó scor ghnólachtaí sa bhliain 2008 agus sa bhliain 2009.

Tábla 5.4: Scor ó Thrádáil 2008 /2009 – Éilimh Fhabhráithe

Ainm an Chomhlachta	Luach Fabhraithe na Íocaíochtaí ar Éilimh
Dunne & King Travel Ltd T/A Letts Travel	€16,445
Mardan Ltd T/a Home & Away	€88,442
Grant Travel Ltd	€276,063
Wonder Travel Ltd	€58,554
CanAmerica	€135,398
Manorcastle Ltd T/a United Travel	€3,436
Greystones Travel Ltd	€107,446
Toolin Travel Ltd	€484,641
Analagh Ltd	€157,074
Oonagh O'Leary T/A Creation Travel	€67,058
Portlaoise Travel Ltd	€402,795
Cork's City Travel Ltd	€52,184
The Travel Collection Ltd	€187,193
Paul Buckley (Charleville) Ltd	€24,953
Turing Ltd T/A Slatterys	€1,266,160
Albemarie Ltd T/A Tony Bond Travel	€40,090
T & A Killoran T/a Killoran's Travel	€12,045
Budget Travel Ltd	€2,432,685
Donabate Travel Ltd T/A Escape2	€169,872
Delta Travel Ltd	€36,619
Fáilte Travel Ltd T/A Gerry	€1,678,526
Ronane Travel Ltd	€435,785
XL Leisure Group (Ireland) td	€1,395,118
MacLavery Travel Ltd	€62,798
Landaround Travel Ltd	€10,054
Iomlán na nÍocaíochtaí i ndáil le hÉilimh	€9,601,887

An Ciste Cosanta Taistealaithe

Is ar an gCoimisiún a leagtar an fhreagracht maidir le riarachán an Chiste Cosanta Taistealaithe (TPF) a úsáidtear chun aisíocaíochtaí a íoc le custaiméirí sa chás nach bhfuil dóthain acmhainní chuige sin le banna ghníomhaire taistil nó thionscnóir gnó. Baintear úsáid as chomh maith chun costais athdhúichithe a íoc sa chás go bhfágтар fuireach ar chustaiméirí thar lear agus chun costais réasúnta an Choimisiúin a íoc maidir leis an bpróiseáil ar éilimh. Déantar ráitis airgeadais faoi leith a ullmhú don Chiste agus déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh orthu.

Luaitear dréacht d'fhigiúr maidir le hÍocaíochtaí as an gCiste i rith na bliana 2010 in Tábla 5.5. Faoi dheireadh na bliana 2010, b'ionann luach glan na sócmhainní a luaitear sa dréacht de chuntais an TPF agus €5,084,060 i gcomparáid le figiúr €5,209,784 an bhliain roimhe sin.

Tábla 5.5: Íocaíochtaí maidir le héilimh as an gCiste Cosanta Taistealaithe

	2010	2009
Íocaíochtaí i ndáil le héilimh as an gCiste Cosanta Taistealaithe	€110,816	€1,316,840

Holiday World Fair

Bhí seastán ag an gCoimisiún arís ag an taispeántas Holiday World Fair san RDS. Bhí leas as an seastán mar dheis caidrimh idir foireann an Choimisiúin ar thaobh amháin agus lucht thionscal an taistil agus an pobal i gcoitinne ar an taobh eile. Tharraing an taispeántas níos mó ná 50,000 i mí Eanáir 2010.

Clár Oibre don Bhliain 2010

Cuspóir	Bearta d'fhonn sin a thabhairt i gcrích
Leanacht den riarachán i ndáil le ceadúnais agus scéim bhannaí don tionscail	<ul style="list-style-type: none"> ➤ Próiseáil a dhéanamh go tráthúil ar iarratais tríd an deis idirlín ➤ Próiseáil a dhéanamh ar éilimh ar ar aisíocaíochtaí agus ar athdhúichiú de réir mar is gá sin ➤ Fiosrú a dhéanamh i gcás tuairiscí maidir le trádáil gan cheadúnas
Ullmhú don chur isteach a d'fhéadfadh a bheith ag reachtaíocht an AE ar oibriú an réimis reatha maidir le ceadúnais	<ul style="list-style-type: none"> ➤ Caidreamh leis an Roinn Iompair agus leis an Roinn Fiontair, Trádála agus Nuála

CEARTA PAISINÉIRÍ AEIR

Ról an Choimisiúin

Maidir le turais aeir amach ó aerfoirt in Éirinn nó isteach go hÉirinn as tír eile de chuid an Aontais Eorpaigh, nó isteach go hÉirinn as tír eile nach de chuid an AE í ar iompróir atá cláraithe san AE, is é an Coimisiún:

- a phléann le gearáin maidir le cealúchán;
- a phléann le gearáin maidir le moill dhá uair a chloig nó níos faide;
- a phléann le gearáin maidir le cead dul ar bord a dhiúltú agus íslíú céime.

Is é an Coimisiún a chuireann dlí an AE i bhfeidhm maidir le cearta dhaoine faoi mhíchumas agus cearta dhaoine faoi mhíchumas luaineachta le linn dóibh turais aeir a dhéanamh

Oibríonn an Coimisiún lena leathchineál de chomhlachtaí forfheidhmiúcháin san AE maidir le cásanna gearáin a thagann chun cinn ag aerfoirt taobh amuigh d'Éirinn.

Déanann an Coimisiún cigireacht ar na haerfoirt in Éirinn chun a chinntiú go mbíonn na haerlínte ag comhlíonadh dlí an AE. Is féidir leis an gCoimisiún imeachtaí forfheidhmiúcháin a thionscnamh in Éirinn in aghaidh aerlínte a bhfuil an Rialachán á shárú acu. Is i ndáil le haerlínte amháin Rialachán 261 - níl aon dliteanas i ndáil le paisinéirí ag baint le gníomhairí taistil ná tionscnóirí turais faoin reachtaíocht seo.

Níl d'údarás ag an gCoimisiún plé le gearáin maidir leis na nithe seo a leanas, i measc nithe eile:

- Bagáiste, cáin agus táillí aerlínte, formhuirir maidir le breosla san áireamh;
- Earráidí maidir le háirithint nó le ticéad agus gnóthaí víosa;
- Aisíocaíocht mar gheall ar chásanna breoiteachta nó méala;
- Fógraíocht bhréagach;
- Seirbhísí ar bord eitleáin nó cúrsaí le linn eitle;
- Cásanna in mbítear mall ag teacht chun seiceáil isteach;
- Coinníollacha de chuid aerlínte maidir le háirithint a dhéanamh agus deacrachtaí le láithreán gréasáin;
- Cúrsaí sábháilteachta.

Foirm ghearáin ar an idirlíon

Tugadh isteach deis nua an Choimisiúin 2010 chun gearán a dhéanamh ar an idirlíon. Fágann seo gur furasta gearáin a chur faoi bhráid agus cinntítear go dtugann paisinéirí gach eolas a bhainfeadh le hábhar. Seo a leanas an fhoirm nua: www.aviationreg.ie⁵

Moltar go tréan don phobal úsáid a bhaint as an deis seo nuair is féidir sin.


⁵ <https://secure.aviationreg.ie/eseries/car450.xsp?envAuto=263E1C4B05ED32F3>

Iomlán na ngearán a rinneadh

I rith na bliana 2010 tháinig líon iomlán 5,132 iarratas ar eolas agus ar chúnamh chuig an gCoimisiún ó dhaoine den phobal, figiúr ab ionann agus ardú 105% é ar fhiigiúr 2,495 na bliana 2009. Tháinig cuid mhaith fiosrúchán thart ar an am ar tharla an ghéarchéim maidir le luathre bolcáin i mí Aibreán agus mí Bealtaine. Dhírigh foireann an choimisiúin ar fhreagra a thabhairt go pras ar na ceisteanna a cuireadh ionas go raibh an t-eolas ag na paisinéirí sin ar fágadh fuireach orthu a theastaigh chun socrú lán eolais a dhéanamh faoi chúrsaí taistil. Tháinig líon suntasach fiosruithe chuig an gCoimisiún freisin tar éis stailceanna tionsclaíochta sa Fhrainc i rith mhíonna an tsamhraidh agus tar éis na dtréimhsí fada doiníne san Eoraip amach i ndeireadh na bliana 2010.

Léirítear sa tábla thíos líon na n-iarratas ar eolas agus ar chúnamh a tháinig ó mhí go mí.

Fíor 6.1: Líon na bhfiosruithe a rinneadh in aghaidh na míosa



Déantar gach iarracht oibriú chomh luath agus is féidir trí gach fiosrúchán a dhéantar leis an gCoimisiún. Agus seo á scríobh, bhíothas ag próiseáil fiosrúcháin a rinneadh leis an gCoimisiún i mí na Samhna 2010. Dá bharr sin, is dócha go dtiocfaidh ardú ar an bhfigiúr maidir le líon na ngearán a chuirtear i láthair níos faide síos de réir mar a dhéantar scrúdú iomlán ar ar cuireadh faoi bhráid i rith


mí na Nollag 2010. Foilseoidh an Coimisiún tuairisc chríochnúil ar obair na bliana 2010 maidir le ceartha phaisinéirí eitilte i lár na bliana 2011.

As na fiosruithe a bhfuil scrúdú déanta orthu go dtí seo, tá le tuiscint i gcás 759 acu go bhféadfadh gur tharla sárú ar an Rialachán agus déileáladh leo sin mar ghearáin i.e. baineann siad le:

- cásanna inar chuir aeriompróir eitilt ar ceal;
- moill ar eitilt ba faide ná na tráthanna a luaitear sa reachtaíocht;
- cásanna inar diúltaíodh daoine a ligean ar bord;
- cásanna inar tharla ísliú céime.

Bhain cúig chéad agus ocht ngearán déag den 759 gearán le turais aeir a d'fhág as aerfort i gceann eile de Bhallstáit an AE agus cuireadh iad sin faoi bhráid na comhlachta forfheidhmiúcháin cuí sa tír lenar bhain d'fhonn scrúdú ar an gcás. Rinne an Coimisiún scrúdú maidir leis an bhfuilleach 241 cás.

Fíor 6.2: Briseadh síos ar na gearáin a rinneadh leis an gCoimisiún




Tugtar briseadh síos sa tábla thíos ar an 759 gearán de réir a gcineál.

Tábla 6.1: Briseadh síos ar na gearáin sa bhliain 2010⁶

Cineál an Ghearáin	Scrúdaigh an C.A.R	Scrúdaigh N.E.B. eile	Líon Iomlán na nGearán	% de na gearáin (759)
Cur ar ceal	171	411	582	77%
Moill fhada	51	84	135	18%
Diúltú ligean ar bord	14	20	34	4%
Íslíú céime	0	0	0	0%
Eile ⁷	5	3	8	1%
Iomlán	241	518	759	100%

Fíor 6.3 Comparáid idir na gearáin a rinneadh leis an gCoimisiún de réir a gcineál



⁶ Mar a bhí scrúdaithe faoi Mhárta 2011.

⁷ Is é a bhaineann leis an aicme "Eile", gearáin ar cosúil go dtagann siad faoi scáth Rialachán (CE) 261/2004 ach a mbeidh gá le scrúdú breise ina leith ag an gcomhlacht forfheidhmiúcháin náisiúnta lena mbaineann chun sin a dheimhniú.

Réiteach ar Ghearáin

Coinníonn an Coimisiún taifead ar gach cás sáraithe maidir leis an Rialachán ionas go gcinntítear go mbíonn monatóireacht á déanamh ar an gcomhlíontas ar bhonn leanúnach. Déantar gearán maidir le neamhchomhlíontais a fhiosrú leis an aeriompróir lena mbaineann. As an 241 gearán a tháinig i rith na bliana 2010 agus a tháinig faoi scáth an Choimisiúin, tá an fiosrúchán maidir le 54 cás acu sin tugtha chun críche. Seo a leanas an toradh deiridh a bhí ar na cásanna sin:

- i 5 chás acu measadh go raibh cúiteamh le hóc leis an bpaisinéir agus fuarthas sin thar a cheann;
- maidir le 11 cás, tugadh de bhreith go raibh an t-aeriompróir saor ó chúiteamh a íoc mar gheall go raibh feidhm leis an díolúine cásanna eisceachta⁸;
- maidir le 28 cás, fuair an Coimisiún aisíoc ar chostais áirithe don phaisinéir;
- i 9 gcinn de chásanna, tharraing an paisinéir siar an gearán nó ba é breith an Choimisiúin, tar éis fiosrúchán a dhéanamh, nár sháraigh an t-aeriompróir an Rialachán;
- in aon chás amháin, thug an Coimisiún chun aire gur tharla sárú ar an Rialachán. Ina ainneoin sin, mar gheall ar chineál an tsáraithe, ní raibh aon chúiteamh airgid le hóc leis na paisinéirí.

Tá an Coimisiún ag leanacht den fhiosrúchán maidir leis na cásanna eile. Leagtar amach achoimre ar an eolas thuas sa tábla seo thíos.

Tábla 6.2: Briseadh síos ar na gearáin a réitíodh i rith na bliana 2010

Réiteach	Líon na nGearán	% den líon iomlán
D'íoc an t-aerlíne cúiteamh	5	9%
Fuarthas aisíoc	28	52%
Cruthaíodh cás eisceachta	11	20%
Tarraingíodh siar an gearán nó níor cruthaíodh é	9	17%
Sárú ar taifead	1	2%
Iomlán na gcásanna réitithe	54	100%

⁸ Foráiltear faoi Airteagal 5(3) nach mbeidh dlite ar aeriompróir cúiteamh a íoc sa chás gur féidir a chruthú gur cuireadh an turas aeir ar ceal mar gheall ar chúinsí eisceachta nach bhféadfaí a sheachaint fiú amháin dá ndéanfaí gach beart réasúnach.

Daoine faoi mhíchumas luaineachta

Thug an Coimisiún deis isteach i rith na bliana 2010 trínar féidir gearáin a chur faoi bhráid ar an idirlíon, d'fhonn éascaíocht do phaisinéirí ar mian leo gearán a dhéanamh mar gheall gur dóigh leo go ndearnadh a gcuid ceart faoi Rialachán 1107 a shárú. Tá sin ar fáil ag⁹ Moltar go tréan do dhaoine den phobal úsáid a bhaint as an deis sin nuair is féidir é.

Líon iomlán na nGearán a Fuarthas

Rinneadh 15 fiosrúchán leis an gCoimisiún i rith na bliana 2010. Ar iad a scrúdú, tugadh faoi deara nach gearán inghlactha a bhí i gcuid mhór acu. Bhí cúiseanna éagsúla leis sin: i roinnt cásanna ní raibh fógra tugtha ag an bpaisinéir don aeriompróir faoin tráth sainluaite faoina raibh de dhíth orthu, agus i gcásanna eile rinneadh fiosrúchán sula ndearnadh aon áirithint.

Chuir an Coimisiún dhá ghearán inghlactha ar taifead. Bhain siad sin leis an gcúnamh a chuireann comhlachtaí bainistíochta ag aerfoirt ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas nó do dhaoine faoi mhíchumas luaineachta. Bhain an chéad ghearán le damáiste a rinneadh do threalamh gluaisteachta le linn láimhseáil ar dhroim talún agus bhain an dara ceann le ceist maidir le hoiliúint a chur ar fáil do bhaill foirne ag aerfort in Éirinn. Tá an dá chás gearáin tugtha chun críche: sa chéad chás cuireadh trealamh nua ar fáil agus sa dara cás ba é breith an Choimisiúin go raibh oiliúint ar an leibhéal cuí curtha ar fáil.

Obair eile

Rinne an Coimisiún cigireacht ar aerfoirt sa dlínse chun cinntiú go ndéanann na haeriompróirí an fhaisnéis atá sainordaithe a chur ar taispeáint mar a mbítear ag seiceáil isteach agus eolas breise a chur ar fáil do phaisinéirí a gcuirtear isteach orthu mar gheall ar chur ar ceal, moill fhada nó cásanna ina ndíúltaítear cead dul ar bord.

Bhí cruinniú ag an gCoimisiún le comhlachtaí forfheidhmiúcháin náisiúnta eile chun an ghéarchéim a bhain le luathre bolcáin agus an fhreagracht a bhí ar aeriompróirí lena linn sin a phlé. Thug an Coimisiún freagra ar bhearta comhairliúcháin de chuid an Choimisiúin Eorpaigh chomh maith.

Ghlac an Coimisiún páirt san aonach Holiday World Fair san RDS trína raibh fóram ar fáil chun cur leis an tuiscint ar a mbíonn de cheart ag paisinéirí faoi dhlí an AE agus ar a mbíonn siad ina theideal.

⁹<https://secure.aviationreg.ie/eseries/car460.xsp?envAuto=A53D47DF6F2AD4F5>

Clár oibre na bliana 2011

Cuspóir	Bearta chun a thabhairt i gcrích
Cinntiú go mbíonn dlíthe CE maidir le cearta an phaisinéara á gcomhlíonadh	<ul style="list-style-type: none">➤ Fiosrúchán a dhéanamh maidir le gearáin a thagann➤ Cigireacht ar aerfoirt➤ Íoschaighdeáin a shonrú maidir leis an oiliúint i gcúrsaí míchumais, comhionannais agus feasachta
Cur le tuiscint an phobail ar shaincheisteanna maidir le cearta paisinéirí aeir	<ul style="list-style-type: none">➤ Faisnéis a chur ar fáil ag imeachtaí tionscail oiriúnacha (e.g. Holiday World Fair) agus trí láithreán gréasáin an Choimisiúin

FEIDHMEANNA RIARACHÁIN AGUS DLÍ

Acmhainní Daonna

Ó mhí Márta 2009 i leith, tá an Coimisiún faoi réir *moratorium* maidir le hearcaíocht agus ardú céime san earnáil phoiblí. Fágann sin nárbh fhéidir aon fholúntas a líonadh a tháinig chun cinn mar gheall ar bhaill den fhoireann ag fágáil na heagraíochta. Rinneadh an líon foirne atá ceadaithe don oifig a ísliú i ndeireadh na bliana 2010 ó 22 ball foirne go dtí 18 faoi Chreat Rialú Fostaíochta (ECF) nua i ndáil leis an earnáil phoiblí. Tá aontú na Roinne Iompair iarrtha ag an gCoimisiún le foireann an Choimisiúin a thabhairt ar ais suas go dtí 18 ball foirne ón 15 ball foirne atá aige faoi láthair.

Bíonn tuarastail sa Choimisiún ag teacht le polasaí an rialtais maidir le cúrsaí pá. Is tar éis athbhreithniú sásúil ar dhéanamh na hoibre amháin a cheadaítear breisiócht phá, nuair a bheadh sin i gceist. Tá triúr den fhoireann ar iasacht ón Roinn Iompair agus duine amháin ar iasacht ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. Déantar costas a gcuid tuarastailsean a chúiteamh ar an gcostas féin móide táille socraithe i ndáil le haoisliúntas agus seirbhísí a chuirtear ar fáil go lárnach.

B'ionann iomlán an tuarastail agus na ranníocaíochtaí pinsin don t-aon Chomhalta amháin den Choimisiún i rith na bliana 2010 agus €195,834. Níor cuireadh aon sochar eile ar fáil.

Tá dlite ar gach ball foirne lánaimseartha dul isteach faoi scéim phinsin an Choimisiúin. Níor tháinig aon athrú i rith na bliana 2010 ar stádas eadramhach na scéime sin, táthar ag fanacht le ceadú na Roinne Airgeadais ón mbliain 2002 i leith. Bhí de thoradh ar athbhreithniú achtuair maidir leis na dliteanais pinsin gur léir gannchistíocht leanúnach sa scéim ab ionann agus €116,174 é ag deireadh na bliana 2010, ardú ó €51,020 sa bhliain 2009. Ceaptar go gcuirfidh an Coimisiún €71,692 leis an scéim phinsin sa bhliain 2011.

Lean an Coimisiún i rith na bliana 2010, d'fheidhmeanna riaracháin nach de chroí na hoibre iad, maidir le caidreamh leis na meáin, cothabháil TE agus pá-rolla, a fháil ó fhoinsí seachtracha.

Ceadúnúchán agus deis gearáin do phaisinéirí ar an idirlíon

Rinneadh dhá bhabhta ceadúnúcháin maidir le réimse na nGnóthaí Taistil a thabhairt chun críche ar an gcóras ceadúnúcháin gréasáin i rith na bliana 2010. Ní bhíonn ar an lucht iarratais feasta sonraí a tugadh cheana a chur isteach an athuair le linn an phróisis iarratais. Rinneadh chomh maith na córais maidir le gearáin faoi Chearta Paisinéirí Aeir agus Daoine atá faoi Mhíchumas Luaineachta a chur ar fáil ar an ngréasán i rith na bliana 2010 ionas go bhfuil modh níos fusa agus níos éasca ar fáil gearán den chineál sin a chur faoi bhráid na hOifige. Tá leagtha amach córas den sórt sin a thabhairt isteach maidir le ceadúnú aerlínte i rith na bliana 2011.

Follasacht agus Saoráil Faisnéise

Féachann an Coimisiún leis na feidhmeanna a leagtar air a thabhairt i gcrích ar bhealach macánta follasach. Foilsítear páipéir chomhairliúcháin, cáipéisí taca, freagraí ó gheallsealbhóirí agus cinntí rialúcháin ar láithreán gréasáin an Choimisiúin www.aviationreg.ie agus bíonn cóipeanna crua ar fáil ag an té a iarrann sin. Tá sceideal d'fhoilseacháin an Choimisiúin i rith na bliana 2010 ceangailte leis seo in Aguisín 1.

Níor tháinig aon iarratas faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise chuig an gCoimisiún i rith na bliana 2010.

An Coiste Iniúchta

Tháinig an Coiste Iniúchta le chéile ceithre huairé i rith na bliana 2010. Tugadh tuairisc mhion don Choiste ag gach ceann de na cruinnithe ar an dul chun cinn taobh istigh den Choimisiún ar gach ceann de na sraitheanna éagsúla oibre. D'fhreastail an Coimisiúinéir ar roinnt de na cruinnithe seo chun eolas a thabhairt don Choiste faoi chora nua. Tháinig baill d'fhoireann an Choimisiúin a bhíonn ag plé le cúrsaí dlí, riaracháin agus cuntasáíochta i láthair le linn cruinnithe chomh maith chun a gcuid oibre a phlé. Bhí ionadaithe thar ceann Iniúchóirí Inmheánacha an Choimisiúin i láthair le linn na gcodanna sin de gach cruinniú a bhain leis an bhfreagracht a leagtar orthusan.

Ba iad seo a leanas na gnóthaí ar dhírigh an Coiste orthu i rith na bliana 2010:

- An clár riosca
- An phróiseáil ar éilimh
- Seifteanna rialú airgeadais go hinmheánach
- Bearta a eascraíonn ón iniúchadh inmheánach
- An plean maidir le leanacht i mbun gnó i gcás éigeandála, agus
- An Cód Cleachtais maidir le Rialachas na gComhlachtaí Stáit.

Bhí an Coiste Iniúchta sásta le socruithe an Choimisiúin i ndáil leis na réimsí sin.

Dualgais Riaracháin

Déanann an Coimisiún gach dícheall oibriú de réir na gcaighdeán is airde maidir le rialachas corparáide. Leagtar amach roinnt treoirlínte i gCód Cleachtais maidir le Rialachas na gComhlachtaí Stáit¹⁰ (eagrán na bliana 2009) na Roinne Airgeadais atá dírithe ar an dea-rialachas a chur chun cinn. Mar gheall ar chineál na hoibre, chomh maith le struchtúr an Choimisiúin féin, tá gnéithe áirithe den Chód Cleachtais nach féidir a chur i bhfeidhm i ndáil leis an gCoimisiún. Tugtar cuntas achoimre sa tábla thíos ar bheartaíocht an Choimisiúin i ndáil leis an gCód Cleachtais.

¹⁰ <http://www.finance.gov.ie/documents/guidelines/codepractstatebod09.pdf>

De réir an Chóid, tá dlite ar an gCoimisiún nós imeachta a bheith ar bun maidir le sceithireacht faoi rún i ndáil le cás míréir i gcúrsaí airgeadais nó míbheartaíocht eile. Tá moladh curtha ar aghaidh chuig an Roinn Iompair ag an gCoimisiún faoi bhealach ina bhféadfaí an coinníoll ina leith sin a shásamh.

I rith na bliana 2010, chaith an Coimisiún 51,089 KWh fuinnimh, íslíú i ndáil leis an mbliain 2009 rud ar léiriú é ar an laghdú ar líon na foirne agus ar na barrchostais.

Cód Iompair an Choimisiúin	Tá Cód Iompair ag an gCoimisiún do na fostaithe. Tagann baill foirne ar iasacht ón Roinn Iompair faoi réir <i>Chóid Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse</i> .
Iníúchadh Inmheánach	Bíonn comhlacht iniúcháirí ceaptha ag an gCoimisiún chun an fheidhm maidir le hiniúchadh inmheánach a dhéanamh. Oibríonn an t-iniúcháir inmheánach faoi stiúir an Choiste Iniúchta sheachtraigh. Tar éis próiseas oscailte tairisceana sa bhliain 2007, ba iad Mazars a roghnaíodh mar iniúcháir inmheánach ag an gCoimisiún. I rith na bliana 2010, rinne Mazars iniúcháireacht ar phróisis soláthair an Choimisiúin, ar na bearta mar gheall ar iniúcháireacht roimhe seo, ar an bpróiseas maidir le héilimh lucht ghnó an taistil, chomh maith le hathbhreithniú ar an Ráiteas faoi Rialáil Airgeadais go hInmheánach. Is é an comhairle a luadh sna tuarascálacha seo, a ndearna an Coimisinéir, gach Ceann Feidhme agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú orthu, go bhfuil próisis agus nósanna imeachta rialála curtha i bhfeidhm ag an lucht bainistíochta a bhfuil curtha acu le próiseas rialachais den fhollasacht agus den chuntasacht.
Soláthar	Bíonn nósanna imeachta an Choimisiúin maidir le cúrsaí soláthair ag teacht leis na treoirlínte agus na teoracha náisiúnta agus, má bhaineann le hábhar, le cuid an CE. Is iondúil gurb iad na treoirlínte náisiúnta a mbíonn feidhm leo mar gheall ar an luach a bhaineann leis an gcuid is mó de na conarthaí. Tá plean soláthair don bhliain 2011 tugtha chun cinn ag an gCoimisiún ina leagtar amach na réimsí sin ina meastar go mbeidh seirbhísí á gcur amach ar tairiscint.
Diúscairt ar shócmhainní agus teacht ar shócmhainní ag an tríú páirtí	Níl aon sócmhainní ag an gCoimisiún ar an scála agus an luach a thagann i gceist faoi na treoirlínte (€150,000). Níor tharla aon diúscairt ar shócmhainní i rith na bliana 2010.
Éagsúlú	Níor chuir an Coimisiún aon mholadh faoi bhráid an Aire i rith na bliana 2010 maidir le héagsúlú a bheadh beartaithe.
Breithmheas ar infheistíocht	Ní dhearna an Coimisiún aon chaiteachas caipitil den suntas i rith na bliana 2010, a thiocfadh le scóip na beartaíochta atá i gceist leis na treoirlínte maidir le Breithmheas ar Infheistíocht.

Gnóthaí Riaracháin agus Díl

An luach saothair don bhainistíocht shinsearach agus táillí stiúrthóirí	Breathnaítear an chuid den chaibidil seo maidir le <i>Acmhainní Daonna</i> . Níl aon Stiúrthóirí ann agus ní thagann táillí i gceist
Socrúithe Tuairiscíochta	<p>Cuireann an Coimisiún tuairiscí chuig an Aire Iompair de réir mar atá ordaithe faoin dlí agus de réir mar a bhíonn de dhíth. Tá córas cuntasáíochta lánfhorbartha ag an gCoimisiún trína gcuirtear tuairiscí bainistíochta agus tuairiscí airgeadais mionsonraithe ar fáil don lucht bainistíochta sinsearacha gach mí. Tá na Caighdeáin Tuairiscíochta Idirnáisiúnta glactha chuige féin ag an gCoimisiún maidir leis an tuairiscíocht. Déantar na cuntais a ríomh ar bhonn chóras cuntasáíochta an fhabhráithe ach amháin sna cásanna sin a shonraítear sna nótaí leis na ráitis airgeadais. Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchóireacht i ndáil leis na ráitis sin mar atá leagtha síos san Acht Eitlíochta 2001.</p> <p>Tá córas ar bun ag an gCoimisiún d'fhonn an dualgas leabhair chuntais a choinneáil go cuí a chomhlíonadh. Coinnítear na leabhair sin ag an aon oifig amháin atá ag an gCoimisiún.</p>
Pleanáil Straitéiseach agus Chorporáideach	<p>Leagtar amach feidhmeanna agus freagrachtaí an Choimisiúin san Acht um Rialáil Eitlíochta 2001, in Acht na nAerfort Stáit 2004 agus san Acht Eitlíochta 2006.</p> <p>Leagann an Coimisiún plean oibre amach gach bliain do gach réimse feidhme agus sin chun na dualgais faoin reachtaíocht a shásamh agus cuspóirí an Choimisiúin a thabhairt i gcrích. Tugann an Coimisiún tuairisc gach bliain don Aire Iompair faoin modh inar comhlíonadh na feidhmeanna sin le bliain anuas.</p> <p>I bhfianaise an fhógra ón Rialtas i mí Deireadh Fómhair 2009 go ndéanfaí an Coimisiún a nascadh leis an Údarás Iompair Náisiúnta, ní dhearna an Coimisiún, le haontú na Roinne Iompair, plean straitéise 5 bhliana a ullmhú.</p> <p>Tugtar tuairisc táirgeachta an Choimisiúin, mar a éilítear faoi Ráiteas an Rialtais maidir le Rialáil Eacnamaíochta i mí Deireadh Fómhair 2009, in Aguisín 2 leis seo. Tá tacar táscairí feidhmiúcháin buntábhachta (KPI's) sonraithe ag an gCoimisiún; cuireadh tús le sonraí a thiomsú sa bhliain 2011 agus tabharfar tuairisc ina leith sa chéad tuarascáil bhliantúil eile.</p>
Imríteach Cánach	Bíonn cáin le híoc ag an gCoimisiún maidir le ÍMAT, CBL agus Cáin ar Sheirbhísí Gairmiúla. Tá gach tuairisceán cánachais a bhaineann le hábhar curtha isteach ag an gCoimisiún i ndáil leis an mbliain 2010 agus gach coinníoll maidir le cúrsaí cánachais comhlíonta.
CRAI	Tá deimhnithe ag an gCoimisinéir sna Ráitis Airgeadais i leith na bliana 2010 go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais maidir le rialáil airgeadais inmheánach. Tá tacar cuimsitheach polasaithe agus gnás oibre ag baint leis an SIFC. Is é an Coimisinéir an tOifigeach Cuntasach chun críche cúrsaí cuntasachta don Oireachtas.
Teacht le is an gCód Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit	Tá glactha ag an gCoimisiún leis an gCód Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus déantar dá réir mar atá leagtha amach go mion sa chuid seo de Thuarascáil Bhliantúil na bliana 2010.

Gnóthaí Riaracháin agus Dí

Polasáí Taistil	Déantar de réir mar a éilítear faoi pholasáí taistil an Rialtais.
Leas a nochtadh	Sásaíonn lucht foirne an Choimisiúin a n-éilítear maidir le leas a nochtadh de réir mar atá leagtha síos in altanna 17-19 an Achta um Rialáil Eitlíochta, 2001. Is tar éis comórtas oscailte arna eagrú ag Seirbhís na gCeapachán Poiblí faoi alt 11(4) an Achta um Rialáil Eitlíochta a cheaptar Comhalta den Choimisiún.
Bainistíocht maidir le Riosca	Tá clár riosca á choimeád ag an gCoimisiún a ndéanann lucht bainistíochta sinsearach athbhreithniú air go rialta agus oibrítear i gcomhar leis an gcoiste iniúchta d'fhonn bainistíocht a dhéanamh maidir le cásanna baoil.

FAISNÉIS FAOI CHÚRSAÍ AIRGEADAIS

Tobhach

Foráiltear le hAlt 23 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001, gur féidir leis an gCoimisiún chun críche na costais a thabhairt isteach a dtéann an Coimisiún iontu go cuí i mbun fheidhmeanna an Choimisiúin faoin Acht rialacháin a thabhairt i bhfeidhm trína ngearrtar tobhach d'fhonn na costais agus speansais mheasta i ndáil le hoibriú an choimisiúin a thabhairt isteach ach gan an t-ollchostas measta sin a shárú. Bíonn an tobhach le híoc ag gnóthais de na haicmí sin a shonraíonn an Coimisiún.

Eisíodh Rialacháin dar teideal "Na Rialacháin fán Acht um Rialáil Eitlíochta 2001 (Tobhach Uimh. 11) 2010" (I.R. Uimh. 611 de 2010) ar an 21 Nollaig chun Tobhach an Choimisiúin don Bhliain 2011 a thabhairt i bhfeidhm.

Ráitis Airgeadais na bliana 2009

Rinne an tArd-Reachtair Ciste agus Cuntas iniúchadh i rith na bliana 2010 ar na ráitis airgeadais i ndáil leis an mbliain 2009 agus cuireadh faoi bhráid an Aire iad d'fhonn a leagan os comhair Thithe an Oireachtais, faoi mar atá dlite faoi Alt 26(b) den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001. Cuireadh na cuntais seo faoi bhráid ar an 12 Eanáir 2011, agus tá siad ar fáil ar an láithreán gréasáin atá ag an gCoimisiún.

Dréacht de Ráitis Airgeadais na bliana 2010

Tá ráitis airgeadais ullmhaithe i ndáil leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2010 agus cuireadh iad sin faoi bhráid an Ard-Reachtair Ciste agus Cuntas ar an 1 Márta 2011 d'fhonn go ndéanfaí iniúchadh orthu. Tugtar sliocht as na ráitis sin ar na leathanaigh ina dhiaidh seo.

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
Cuntas Ioncaim & Caiteachais i leith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2010

Ioncam	Nótaí	2010 €	2009 €
Fáltas ó Thobhach	2 (a)	2,688,105	4,230,849
Táillí Ceadúnais	2 (b)	199,828	245,090
Eile	2 (c)	144,181	233,808
Ollioncam		3,032,114	4,709,747
Aistriú (chuig) / as an gCuntas Caipitil	10	6,706	11,923
Ioncam Glan		3,038,820	4,721,670
Caiteachas			
Tuarastail	4	1,652,445	1,764,669
Costais Phinsin	11 (a)	123,514	128,719
Comhairleoireacht		123,209	484,809
Táillí Dílódóra		(170,771)	148,287
Fógraíocht & Caidreamh Poiblí		81,629	120,871
Taisteal & Cothabháil		8,210	7,013
Comhdhála		16,011	12,981
Oiliúint & Earcaíocht		37,515	29,181
Táille Iniúcháireachta		12,408	12,408
Cuntasaíocht		30,016	23,915
Cothabháil Gnóthaí Gréasáin		16,977	26,387
Cíos		283,363	284,850
Glantachán		13,966	15,229
Leictreachas		9,930	10,852
Cothabháil Oifige		2,797	5,443
Árachas		52,713	54,930
Stáiseanáireacht Oifige		11,929	17,606
Postas & Iompras		3,883	5,765
Teileafón		21,881	25,470
Áisitheoireacht Sceidil Aerfort Bhaile		298,573	299,189
Átha Cliath			
Dímheas		16,574	20,434
Táille Seirbhíse		42,539	41,620
Rátaí		33,002	33,677
Costais Stórála		8,455	9,302
Eile		39,482	22,113
		2,770,250	3,605,721
Farasbarr / (Easnamh) Oibriúcháin	15	268,570	1,115,949
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		1,752,177	636,228
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig		2,020,747	1,752,177

Is cuid dílis de na Cuntais Airgeadais seo an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go dtí 19.

Cathal Guiomard
Coimisinéir

1 Márta 2011

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
Ráiteas faoi Iomlán an Ghnóthachan Aitheanta agus an Chaillteanais Aitheanta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010

	Nótaí	2010 €	2009 €
Farasbarr Oibriúcháin		268,570	1,115,949
An gnóthachan iarbhír lúide an gnóthachan measta ar shócmhainní na scéime pinsin	11 (c)	36,394	161,944
Gnóthachan / (caillteanas) ó thaithí a eascraíonn ó dhliteanais maidir leis an scéim phinsin	11 (d)	129,106	114,755
Athrú i ndáil leis an mbonn tuisceana is bonn le luach reatha na ndliteanas sa scéim phinsin		(210,284)	(45,862)
Gnóthachan / (caillteanas) achtúireachta		(44,784)	230,837
Iomlán an Ghnóthachain / (Chaillteanais) aitheanta maidir leis an mBliain Airgeadais		223,786	1,346,786

Is ionann an cailteanas fabhráithe aitheanta ón ngnóthachan achtúirteachta agus ón gcaillteanas achtúireachta a tháinig i gceist le ceithre bliana anuas agus €93,051.

	2010	2009
Athrú sa Chúlchiste Pinsin	(58,807)	(289,644)
Iarmhéid mar a bhí an 1 Eanáir	(44,784)	230,837
Gnóthachan / (caillteanas) Achtúireachta	(103,591)	(58,807)
Iarmhéid mar a bhí an 31 Nollaig		

Is cuid dílis de na Cuntais Airgeadais seo an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go dtí 19.

Cathal Guiomard
Coimisinéir

1 Márta 2011

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
An Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2010

	Nótaí	€	2010 €	€	2009 €
Sócmhainní Seasta					
Sócmhainní Inláimhsithe	5		50,423		57,129
Sócmhainní Reatha					
Cuntais Bainc	6	14,245,493		25,822,851	
Féichiúnaithe	& 7	1,392,834		1,370,529	
Réamhíocaíochtaí					
			15,638,327	27,193,380	
Creidiúnaithe:					
Suimeanna atá dlite taobh istigh d'aon bhliain amháin					
Creidiúnaithe & Fabhrú	8	(294,782)		(562,039)	
Cuntais Bhannaí Airgid	6	(12,772,676)		(23,951,521)	
			(13,067,458)	(24,513,560)	
Sócmhainní / (Dliteanais) Reatha Glan			2,570,869		2,679,820
Iomlán Sócmhainní Iúide Dliteanais Reatha			2,621,292		2,736,949
Soláthar do Dhliteanais agus Muirir	9		(537,539)		(935,430)
Sócmhainní Glan gan Dliteanas Pinsin a Áireamh			2,083,753		1,801,519
Sócmhainn / (Dliteanas) Pinsin Glan	11 (b)		(116,174)		(51,020)
Sócmhainní (Dliteanais) Glan agus Sócmhainn (Dliteanais) Pinsin san áireamh			1,967,579		1,750,499
Arna mhaoiniú trí Farasbarr / (Easnamh) sa Chuntas Ioncaim & Caiteachais			2,020,747		1,752,177
Cuntas Caipitil	10		50,423		57,129
Cúlchiste Pinsin			(103,591)		(58,807)
			1,967,579		1,750,499

Is cuid dÍlis de na Cuntais Airgeadais seo an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go dtí 19.

Cathal Guiomard
Coimisinéir

1 Márta 2011

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010

	Nótaí	2010 €	2009 €
Réiteach idir an farasbarr oibriúcháin agus an sreabhadh airgid glan isteach / (amach) maidir le gnóthaí oibriúcháin			
Farasbarr / (Easnamh) maidir le hIoncam & Caiteachas Difríocht idir an Costas Pinsin agus Ranníocaíocht an Fhostóra		268,570	1,115,949
Dímheas	5	20,370	20,159
Ús Bainc		16,574	20,434
Aistriú (as)/ chuig an gCuntas Caipitil		(16,949)	(9,576)
Ísliú / (Ardú) maidir le Féichiúnaithe	5	(6,706)	(11,923)
Ísliú / (Ardú) maidir le Réamhíocaíochtaí	7	(34,405)	(186,703)
(Ísliú) / Ardú maidir le Creidiúnaithe	7	12,100	(17,315)
(Ísliú) / Ardú maidir le Fabhrú	8	(184,940)	(9,455)
(Ísliú) / Ardú maidir le Soláthar	8	(82,317)	(276,688)
	9	(397,891)	355,039
An Sreabhadh Airgid Glan Isteach / (Amach) maidir le Gnóthaí Oibriúcháin		(405,584)	999,921
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid			
An Sreabhadh Airgid Glan Isteach / (Amach) maidir le Gnóthaí Oibriúcháin		(405,584)	999,921
Toradh Infheistíochta			
Ús Bainc		16,949	9,576
Caiteachas Caipitil			
Sócmhainní Seasta a cheannach	5	(9,868)	(8,511)
Maoiniú			
Ardú / (Ísliú) maidir le Cuntais Bannaí Airgid & TPF	6	(11,178,845)	(3,560,005)
Bainistiú ar Shócmhainní Leachtacha (Ardú) / Ísliú maidir le Cistí i dTaisce	6	481,056	(1,009,808)
Ardú / (Ísliú) maidir le hIarmhéideanna Airgid		(11,096,302)	(3,568,826)
Réiteach idir an sreabhadh airgid tirim glan agus gluaiseachtaí sna cistí glan			
Ardú / (Ísliú) maidir le hairgead ar láimh i rith na tréimhse		(11,096,302)	(3,568,826)
Airgead in úsáid chun cur leis na sócmhainní leachtacha	6	(481,056)	1,009,808
Athrú sna Glanchistí		(11,577,358)	(2,559,018)
Glanchistí Tús Bliana		25,822,851	28,381,869
Glanchistí ag Ceann Bliana		14,245,493	25,822,851

Is cuid dílis de na Cuntais Airgeadais seo an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go dtí 19.

Cathal Guiomard
Coimisinéir

1 Márta 2011

Aguisín 1 – Páipéir de chuid an Choimisiúin in 2010

Aguisín 1 – Páipéir de chuid an Choimisiúin i rith na bliana 2010

CP1/2010 Meitheamh 2010	Comhairliúchán maidir le cinneadh Phainéal Achomhairc Eitlíochta na bliana 2010
CP2/2010 Iúil 2010	Cinneadh an Choimisiúin de bhun chur faoi bhráid Phainéal Achomhairc Eitlíochta na bliana 2010
CP3/2010 Deireadh Fómhair 2010	Uasleibhéal na dTáillí Seirbhíse Críochfoirt Eitlíochta is féidir le húdarás Eitlíochta na hÉireann a ghearradh
CP4/2010 Samhain 2010	Sainmhíniúchán ar an Scipéad Rialúcháin
CP5/2010 Samhain 2010	Comhairliúchán maidir le Cuntais Rialúcháin
CN1/2010 Mí na Nollag 2010	Socruithe beartaithe maidir le Ceadúnais a Thabhairt do Lucht Ghnó an Taistil i rith Earrach na Bliana 2011
CN2/2010 Mí na Nollag 2010	Earrach 2011 Ceadúnais do Lucht Ghnó an Taistil

Aguisín 2 – Tuairisc ar Thorthaí Oibre

Rialúchán maidir le Praghsanna

Cuspóir 2010	Toradh Oibre 2010
<ul style="list-style-type: none"> ➤ Monatóireacht a dhéanamh ar an gcomhlíontas maidir leis na huasteorainneacha praghsanna atá i bhfeidhm 	<ul style="list-style-type: none"> ➤ An Coimisiún sásta gur chloígh IAA agu DAA leis an uasteorainn praghsanna ➤ Foilsíodh tuairiscí DAA maidir le Caighdeán Seirbhíse
<ul style="list-style-type: none"> ➤ Tús a chur leis an bpróiseas maidir le Cinneadh nua i ndáil le táillí ATSC (IAA) sna haerfoirt i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh agus sa tSionainn 	<ul style="list-style-type: none"> ➤ Foilsíodh Páipéar Saincheisteanna i mí Meán Fómhair
<ul style="list-style-type: none"> ➤ Athscrúdú ar an réimeas rialúcháin reatha maidir le haerfort Bhaile Átha Cliath, d'fhonn na réimsí sin, más ann dóibh, ina mbeadh gá le hathrú a shonrú 	<ul style="list-style-type: none"> ➤ Foilsíodh páipéar comhairliúcháin maidir le rogha idir scipéid rialúcháin éagsúla ➤ Foilsíodh páipéar comhairliúcháin maidir le formáid na gcuntas rialúcháin

Leithroinnt sliotán

Cuspóir 2010	Toradh Oibre 2010
<ul style="list-style-type: none"> ➤ Cinntiú go leanann oibriú an réimis sceidealúcháin reatha ag aerfort Bhaile Átha Cliath chomh breá agus a oibríonn 	<ul style="list-style-type: none"> ➤ An próiseas tairisceana maidir le comhordaitheoir sceideal nua a thabhairt chun críche sa dara leath den bhliain
<ul style="list-style-type: none"> ➤ Aon athrú a chuirfí ar an réimeas faoi láthair a mheas a chuirfeadh córas ar fáil a d'fheidhmeadh níos fearr 	<ul style="list-style-type: none"> ➤ Níl aon athrú á bheartú

Ceadúnais d'Aeriompróirí

Cuspóir 2010	Toradh Oibre 2010
<ul style="list-style-type: none"> ➤ Cinntiú go sásaíonn sealbhóirí ceadúnais na coinníollacha faoin reachtaíocht 	<ul style="list-style-type: none"> ➤ Tugadh 2 cheadúnas nua / sínte; rinneadh athbhreithniú maidir le 2 cheadúnas
<ul style="list-style-type: none"> ➤ Tuiscint níos fearr a chothú i measc lucht ceadúnais agus an phobail i gcoitinne maidir le cúrsaí ceadúnais 	<ul style="list-style-type: none"> ➤ Eisíodh dioscaí ceadúnais le hoibritheoirí heileacaptair agus aerárthaigh bhig le cur ar taispeáint
<ul style="list-style-type: none"> ➤ Athrú go dtí próiseas idirlín 	<ul style="list-style-type: none"> ➤ Ar athrú go dtí an bhliain 2011

Láimhseáil ar Dhroim Talún

Cuspóir 2010	Toradh Oibre 2010
➤ Cinntiú go sásaíonn sealbhóirí ceadúnais na coinníollacha faoin reachtaíocht	➤ Tugadh ceadú i ndáil le dhá chomhlacht láimhseála ar a son féin agus 2 chomhlacht láimhseála tríú páirtí
➤ Cinntiú go bhfuil an réimeas maidir le láimhseáil ar dhroim talún in Éirinn ag teacht leis na rialacha agus na rialacháin cuí de chuid an AE	➤ Cuireadh eolas ar fáil don Choimisiún Eorpach

Lucht Tráchtála i gCúrsaí Taistil

Cuspóir 2010	Toradh Oibre 2010
➤ Leanacht den riarachán maidir leis na scéimeanna ceadúnais agus bannaí do chomhlachtaí tráchtála i ngnó an taistil in Éirinn	<ul style="list-style-type: none"> ➤ eisíodh 280 ceadúnas agus tugadh cuairt ar 17 comhlacht d'fhonn an comhlíontas a mheas ➤ íocaíodh maidir le 4,438 éileamh airgid ar luach €4.1m ➤ simplíodh coinníollacha iniúchóireachta agus leasaíodh an próiseas ceadúnaithe
➤ Ullmhú don chur isteach a bheadh ag reachtaíocht de chuid na hEorpa ar fheidhmiú an réimis reatha maidir le gnó an taistil in Éirinn	➤ Níl aon athrú beartaithe

Ceartha Paisinéirí Aeir

Cuspóir 2010	Toradh Oibre 2010
➤ Cur le tuiscint an phobail ar cheisteanna maidir le ceartha paisinéirí aeir	➤ Glacadh páirt san aonach Holiday World Fair san RDS
➤ Cinntiú go leanann aerlínte ag cloí lena leagtar de dhualgas orthu faoi Rialachán CE 261/2004	<ul style="list-style-type: none"> ➤ tháinig 759 gearán, 518 acu do chomhlachtaí forfheidhmiúcháin eile dár leithéid ➤ fiosrúchán maidir le 241 cás, 54 tugtha chun críche ➤ scrúdú cigireachta ar 9 aerfort
➤ Cinntiú go mbíonn an forfheidhmiúchán praiticiúil ar na rialacháin in Éirinn ag teacht le dlí an AE.	➤ Soiléiriú ar chur i bhfeidhm an dlí trí chruinnithe agus comhairliúchán ar leibhéal an AE

Daoine faoi Mhíchumas Luaineachta

Cuspóir 2010	Toradh Oibre 2010
➤ Leanacht ag cinntiú go ndéantar Rialachán CE 1107 a chur i bhfeidhm mar is ceart in Éirinn	➤ fiosrúchán maidir le 2 ghearán
➤ Cinntiú go leanann aerfoirt agus aerlínte ag cloí leis an Rialachán	➤ scrúdú cigireachta ar 5 aerfort
➤ Cinntiú go mbíonn an forfheidhmiúchán praiticiúil ar na rialacháin in Éirinn ag teacht le dlí an AE.	➤ caidreamh le comhlachtaí forfheidhmiúcháin eile agus le Coimisiún an AE

An Coimisiún um Rialáil Eitíochta: Sonraí Áirithe 2001 -2010

	2001 (10 m)	2002	2003	2004	2005	2006	2007	2008	2009	Dréachtfhigiúirí 2010
Costais Foirme	652,469	976,542	1,215,224	1,296,339	1,190,659	1,510,215	1,646,429	1,831,265	1,893,388	1,775,959
Costais Díl	478,376	2,059,381	1,413,076	164,472	626,772	646,145	475,383	638,219	148,287	(170,771)
Costais Eile	1,513,496	853,218	1,329,537	1,426,665	1,925,810	1,699,825	1,664,712	1,174,094	1,564,046	1,165,062
● Iomlán na gCostas (% d'athrú in aghaidh na bliana)	2,644,341	3,889,142	3,957,837	2,887,476	3,743,241	3,856,185	3,786,524	3,643,578	3,605,721	2,770,250
	--	47%	2%	-27%	30%	3%	-2%	8	-1%	-23%
Líon Ball Foirme (CLA)	14	16	16	18	20	20	21	21	20	18
** Ceadúnais Trádála Taisil	70	73	77	76	77	70	74	74	58	58
Tionscnóirí Turais	349	340	34	333	322	301	290	282	246	222
Gníomhairí Taisil										
** Ceadúnais Aeríompróirí	18	18	17	17	17	16	18	18	18	18
** Ceadú Lámhseálaithe ar Dhroim Talún										
Ceadú Féinlámhseála	17	19	23	23	18	15	15	12	12	13
Ceadú an Tríú Páirtí	34	33	37	38	40	41	41	41	41	37
Iomlán	51	52	60	61	58	56	56	53	53	50
*** Gearáin ó Phaisinéirí					249	596	396	413	311	759
Paisinéirí faoi Mhíchumas Luaineachta								4	14	2
Éileamh Lucht Tráchtála Ghnó an Taisil			479	1,607	404	117	1	2,087	4,979	191

Nótaí

* Sonraí airgeadais as Ráitis Airgeadais iniúchta i leith na mblianta 2001-2009 agus dréacht de Ráitis Airgeadais i leith na bliana 2010

** Ceadúnais / cead eisithe faoi dheireadh na bliana

*** Sa bhliain 2005 a tháinig tús le ról an Choimisiúin maidir le gearáin ó phaisinéirí agus sa bhliain 2008 a tháinig tús leis an ról maidir le gearáin ó phaisinéirí faoi mhíchumas luaineachta; baineann sonraí na bliana 2010 leis an tréimse go dtí an tríú ráithe.